



An Roinn Cosanta
Department of Defence



Óglaigh na hÉireann

2008

An Roinn Cosanta

agus Óglaigh na hÉireann Tuarascáil Bhliantúil



An Roinn Cosanta
Department of Defence



Óglaigh na hÉireann

An Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann **Tuarascáil Bhliantúil 2008**



An Roinn Cosanta
Department of Defence



Óglaigh na hÉireann

© 2009 cóipeheart

An Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann

Geata na Páirce, Bóthar na hOtharlainne, Baile Átha Cliath 7.

Téil: (01) 804 2000 Facs: (01) 670 3399
Glaó Áitúil: 1890 251 890


ISSN: 1649-9999



An Roinn Cosanta
Department of Defence



Óglaigh na hÉireann





Réamhfhocal leis an Aire

Tá áthas orm glacadh leis an Tuarascáil Bhliantúil seo le haghaidh 2008 a chuimsíonn feidhmíocht na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann.

Mar Aire Cosanta, is é an príomhchuspóir atá agam ná cinntiú go bhfuil eagraíocht sholúbtha, nua-aimseartha againn a fhéadann tabhairt faoi na ról go léir a shanntar, sa bhaile agus thar lear, agus iad a bhainistiú. Tá áthas orm, arís eile, a thabhairt faoi deara go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir le cumais mhíleata nua-aimseartha agus solúbtha a fhorbairt. Tarraingítear aird ar an dul chun cinn a rinne an Eagraíocht Chosanta ina hiomlán le forbairt chumas Óglaigh na hÉireann tabhairt faoi imscarthaí níos dúshlánaí thar lear agus raon leathan de sheirbhísí fós á gcur ar fáil sa bhaile.

I measc na bhforbairtí suntasacha a rinneadh i 2008, bhí:

- Léiríonn imscaradh Óglaigh na hÉireann chuig an misean faoi shainordú na NA agus faoi cheannas an AE i Sead agus an bhainistíocht rathúil ar na dúshláin chasta loighistice go soiléir an dul chun cinn a bhain Óglaigh na hÉireann amach maidir le cumais mhíleata a fhorbairt. Mar gheall go raibh sé riachtanach sócmhainní Óglaigh na hÉireann, idir comhaltaí pearsanra agus sócmhainní ábhartha a imscaradh chuig láthair oibríochtaí 4,500 km ón mbaile, ba é an t-imscaradh sin an ceann ba dhúshlánaí i stair imscarthaí Óglaigh na hÉireann thar lear.
- Ba é Lt. Gen. P. Nash an Ceannasaí Oibríochta do mhisean an AE i Sead. Ba é an cúram a bhí air ná bheith i gceannas ar an oibríocht mhíleata iomlán agus an t-idirphlé míleata le MINURCAT, leis na NA, leis an AE agus le Rialtais Réigiúnacha a sholáthar. Freisin thug sé tuairisc go rialta don Choiste Polaitiúil agus Slándála (PSC) agus do Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh (EUMC).
- Sheirbheáil beagnach 2,000 comhalta d'Óglaigh na hÉireann leis na NA, leis an AE, le ESCE agus CasS/NATO i 2008, agus ba é an t-uaslíon a bhí ag seirbheáil thar lear ag aon uair faoi leith ná 830 comhalta pearsanra. Freisin sheirbheáil líon beag comhaltaí pearsanra sibhialta thar lear i rith na bliana. Forbairt nua a chuirtear fáilte roimpi í imscaradh comhaltaí pearsanra sibhialta in oibríochtaí thar lear.
- I rith na chéad leath de 2008 ghlac Éire páirt sa Chathghrúpa Nordach (NBG) faoi cheannas na Sualainne. Bhí an NBG ar fuireachas ar feadh sé mhíosa a thosaigh ar 1 Eanáir 2008 agus a chríochnaigh ar 30 Meitheamh 2008. Bhí rannpháirteachas na hÉireann comhdhéanta de ghné Diúscairt Ordánas Pléascach/Diúscairt Feistí Pléascacha Seiftithe (EOD/IEDD) lena sonra slándála féin i dteannta le poist fhoirne sa Cheanncheathrú Oibríúcháin (CCO) i Northwood, an RA agus i Stocólm, an tSualainn. Bhí poist foirne lonnaithe sa Cheanncheathrú Fórsa (FHQ) in Enköping, an tSualainn freisin.



An tAire Cosanta, Mr Willie O'Dea T.D.



- Caitheadh €26million i 2008 faoin gclár caipitil leanúnach chun an traenáil, an chóiríocht oibriúcháin agus mhaireachtála atá ar fáil d'Óglaigh na hÉireann a nuachóiriú agus a fheabhsú.
- Fuarthas naoibhfeithicil Dlúth-thaiscéalaíochta Armúrtha MOWAG agus sé fheithicil Meánthaiscéalaíochta Armúrtha Mowag ag ceadú cumas feabhsaithe maidir le faisnéis, faireachas agus taiscéalaíocht. Fuair Óglaigh na hÉireann cumas nua nuair a fuarthas mionchórais Aerfheithicil daon-iniompartha Gan Fhoireann a sholáthraíonn cumas feabhsaithe faisnéise agus taiscéalaíochta.
- Tar éis cinnidh ag an Rialtas i nDeireadh Fómhair chuir Óglaigh na hÉireann tús le cur i bhfeidhm ath-imscaradh fo-aonad teorann ainmnithe tar éis dúnadh ceithre Dhúin/Phoist i gContae Dún na Gall, Contae Longfoirt agus Contae Mhuineacháin.
- Leanadh ar aghaidh ag forbairt ról na hOifige um Pleanáil Éigeandála i rith 2008. Tacaíodh le cur i bhfeidhm feachtas feasachta poiblí ar phleanáil éigeandála le foilsiú an lámhleabhair "Ullmhú i gcomhair Móreigeandálaí" a seachadadh chuig gach teaghlach sa Stát agus le seoladh an láithreáin ghréasáin ar Phleanáil Éigeandála.

Bliain speisialta i stair Óglaigh na hÉireann ab ea 2008 toisc gur comóradh Cothrom Caoga Bliain ó ghlac Éire páirt den chéad uair i misean síochánaíochta de chuid na Náisiún Aontaithe. Thug Óglaigh na hÉireann an-onóir d'Éireann trína gcuid rannpháirteachais i misean síochánaíochta ar fud on domhain, ó Shead go dtí an Meán-Oirthear, an Bhoisnia agus an Chosaiv. Bhí an deis agam i bhFeabhra 2008 féachaint dom féin ar an sár-obair atá á déanamh ag Óglaigh na hÉireann thar lear i Sead i gcoinníollacha deacra agus i dtír-raon cruá.

Ní fhéadfaí an dul chun cinn atá leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo a dhéanamh gan tiomantas bhaill foirne na hEagraíochta Cosanta iomláine, idir baill foirne sibhialta agus míleata, agus is mian liom an deis a thapú chun mo bhuíochas as an obair atá déanta ag an Ard-Rúnaí, an Ceann Foirne agus a gcuid ball foirne sibhialta agus míleata chuige sin a chur in iúl.

Willie O'Dea, TD,
An tAire Cosanta

Deireadh Fómhair 2009



A Aire,

Tá áthas orainn an Tuarascáil Bhliantúil ar fheidhmíocht na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann le haghaidh 2008 a chur faoi do bhráid.



Michael Howard,
Ard-Rúnaí




Leifteanant-Ghinearál Dermot Earley,
Ceann Foirne



An Roinn Cosanta
Department of Defence




Óglaigh na hÉireann





Clár Ábhar

	Leathanach
Réamhrá	9
Cuid 1: Cumais Theagmhasacha a Fhorbairt agus a Choimeád	13
Cuid 2: Slándáil ar an Oileán agus Tacaíocht do Ghníomhaireachtaí Eile	25
Cuid 3: Síocháin agus Slándáil Idirnáisiúnta	35
Cuid 4: Beartas Cosanta, Comhairle Mhíleata agus Seirbhísí Corparáideacha	49
Cuid 5: Tuarascáil Airgeadais	61
Aguisín 1: Bunús Reachtúil, Struchtúr Eagraíochta agus Róil	67





Réamhrá

RÁITEAS STRAITÉISE NA ROINNE COSANTA AGUS ÓGLAIGH NA HÉIREANN

Tugann *Ráiteas Straitéise na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann 2008-2010* sainmhíniú ar fhís, misean agus cuspóirí ardleibhéil na hEagraíochta Cosanta:

Fís

Sa tréimhse 2008-2010 leanfaimid orainn ag obair chun ár bhfís a fhorbairt agus a chothú; is í sin ná Eagraíocht Chosanta a cheapann beartas éifeachtach agus a chuireann i bhfeidhm é, a sholáthraíonn comhairle thráthúil agus chruinn agus a fhéadann fórsa comh-inoibritheach, inbhuanaithe a imscaradh a fhéadann cumais mhíleata sholúbtha a sheachadadh sa bhaile agus thar lear.

Misean

Soláthar do chosaint mhíleata an Stáit, cur le síocháin agus slándáil idirnáisiúnta agus gach ról eile a shannann an Rialtas a chomhlíonadh.

Cuspóirí Ardleibhéil

- Soláthar do chosaint an Stáit i gcoinne forrántachta armtha, trí chumais mhíleata oiriúnacha a choimeád agus a fhorbairt.
- Cur le slándáil agus seasmhacht ar an oileán trí Chúnamh don Chumhacht Sibhialta, Cúnamh don Údarás Sibhialta a sholáthar ar iarratas, agus seirbhísí éigeandála agus neamhéigeandála eile a sholáthar.
- Cur le síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a choimeád trí rannpháirteachas in oibríochtaí ceadaithe tacaíochta síochána, bainistíochta géarchéime agus faoisimh dhaonnúil faoi shainordú na NA.

- An chomhairle is fearr agus is féidir i leith na cosanta a sholáthar don Aire chun tacú le bainistíocht ar gach gné de sholáthar cosanta agus chun pleanáil i gcomhair riachtanas amach anseo a éascú.

Déanann an Tuarascáil Bhliantúil seo athbhreithniú ar fheidhmíocht na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann le linn 2008. Déantar feidhmíocht a athbhreithniú de réir na gceannteideal agus cuspóirí cláir, atá leagtha amach i *Ráiteas Straitéise na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann 2008 – 2010*, agus réitíonn sé le struchtúr Ráiteas Bliantúil Aschur na Roinne Cosanta.

Tá an tuarascáil leagtha amach ina gcúig chuid, le haon agusín amháin, mar seo a leanas:

Cuid 1 – Cumais Theagmhasacha a Fhorbairt agus a Choimeád

Tugann an chuid seo tuairisc ar ghníomhaíochtaí agus aschuir i réimsí na traenála, an teagaisc, an trealaimh, an bhonneagair agus an phearsanra a thacaíonn le forbairt na gcumas teagmhasach míleata atá ag teastáil chun na ról sannaithe a chomhlíonadh agus a dhéanann iad a choimeád.

Cuid 2 – Slándáil ar an Oileán agus Tacaíocht do Ghníomhaireachtaí Eile

Tugann an Chuid seo tuairisc ar ghníomhaíochtaí agus aschuir sna réimsí Cúnamh don Chumhacht Sibhialta, Cúnamh don Údarás Sibhialta, agus tabhairt seirbhísí do Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile.

Cuid 3 – Síocháin agus Slándáil Idirnáisiúnta

Tugann an Chuid seo tuairisc ar ghníomhaíochtaí agus aschuir a thacaíonn le beartas an Rialtais i síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a chur chun cinn agus go háirithe in Oibríochtaí Idirnáisiúnta Tacaíochta Síochána a sheachadadh.



Cuid 4 – Beartas Cosanta, Comhairle Mhíleata agus Seirbhísí Corparáideacha

Tugann an Chuid seo tuairisc ghinearálta ar thabhairt comhairle beartais agus airm, obair na hOifige um Pleanáil Éigeandála agus ar fheidhmeanna na seirbhísí corparáideacha.

Cuid 5 – Tuarascáil Airgeadais

Sa Chuid seo tá tuarascáil ar chaiteachas i 2008 ó Vóta 36 agus 37 i dteannta le sliocht ón Ráiteas Bliantúil ar Aschur. Áiríonn an dara ceann teilgin do 2009 agus sonraí ar aschuir do 2008.

Aguisín 1 – Bunús Reachtúil, Struchtúr Eagraíochta agus Róil

Leagann an Tuarascáil seo amach an creat reachtúil a bhfeidhmíonn an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann laistigh de.

Freisin comhlíonann an Tuarascáil seo riachtanais Cuid 4(1)(b) den Acht Seirbhíse Poiblí (Bainistíocht), 1997 do thuarascáil bliantúil don Aire ar fheidhmíocht de réir cuspóirí straitéiseacha



An Lt Gin Pat Nash ag tabhairt coimre don Uasal Willie O'Dea, T.D. Aire Cosanta agus don Lt Gin Dermot Earley, Cean Foirne



EC 135



Cuid 1

Cumais Theagmhasacha a Fhorbairt agus a Choimeád





Cuid 1: Cumais Theagmhachacha a Fhorbairt agus a Choimeád

Pléann an Páipéar Bán ar Chosaint le gach gné de sholáthar agus eagraíocht cosanta agus leagann sé amach an beartas don tréimhse go 2010. Féachann an Páipéar Bán chuig leibhéal cumas cosanta atá cuí don timpeallacht chosanta agus slándála atá i réim sa bhaile agus thar lear a chinntiú. Leagann sé béim ar an ngá le fórsa cosanta atá eagraithe go coinbhinsiúnach agus a bhfuil sé ar a chumas na ról a leagann amach an Rialtas a chomhlíonadh.

“Léiriú ceannais atá i gcosaint. Ar bhealach mór baineann soláthar cosanta le réiteach do agus plé le teagmhas: chonacthas an chosúlacht idir í agus árachas. Ní mór don eagraíocht chosanta féachaint chuig cumas atá cuí de réir na rioscaí a bhfuiltear ag súil leo a sholáthar – rioscaí do shlándaíl an Stáit sa chiall is leithne a bhaineann leis ... ar bhealach mór baineann cosaint le cumas teagmhais agus bagairtí a fhreagairt a réiteach agus a choimeád”.¹

Déanann an Rialtas cinntí ar méid agus nádúr na gcumas atá le coimeád agus na hacmhainní atá le tabhairt do chosaint de réir na comhairle airm agus comhairle ar bheartas cosanta.

Teastaíonn iarracht chomhordaithe ar fud na hEagraíochta Cosanta² a bhfuil comhaltaí pearsanra sibhialta agus míleata araon rannpháirteach inti chun cuspóirí an Pháipéir Bháin a chur i bhfeidhm. Foilsíodh Comhráiteas Straitéise don tréimhse 2008-2010 i 2008. Leagann an Ráiteas Straitéise sin amach fis, cuspóirí ardleibhéil agus cuspóirí straitéiseacha na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann ar feadh na tréimhse sin.

Mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann 2008 – 2010, cuspóir ardleibhéil atá ag an Eagraíocht Chosanta ná:

- Soláthar do Chosaint an Stáit i gcoinne forrántachta armtha, trí chumais mhíleata a choimeád agus a fhorbairt.

Cuireann an Creat Cumas Cosanta, atá leagtha amach sa Ráiteas Bliantúil Aschuir 2008, síos ar na gnéithe lárnacha d’inniúlacht mhíleata agus na gníomhartha a

theastaíonn chun dul ar aghaidh le cumais Chosanta a fhorbairt. Leagann an chuid seo amach an dul chun cinn a rinneadh le linn 2008 maidir le fáil trealamh, forbairt bonneagair agus forbairt acmhainní daonna lena n-áirítear traenáil.

Ceannacháin Trealamh Chosanta agus Mór-threalamh Eile

Tá trealamh míleata nua-aimseartha, éifeachtach ina ghné riachtanach d’fhorbairt agus de choimeád cumais. Lean an clár athtrealamh d’Óglaigh na hÉireann ar aghaidh i 2008. Ligeadh don leibhéal méadaithe caiteachais ar threalamh le blianta beaga anuas ag cinneadh an Rialtais go n-athdháilfí coigiltis pá ag éirí as eagrú Óglaigh na hÉireann a leagadh amach i bPáipéar Bán 2002, i dteannta le fáiltais ó maoin bhreise a dhíol, d’infheistíocht in áiseanna agus i dtrealamh nua-aimseartha. Bhain gach gné d’Óglaigh na hÉireann, an tArm, an tAerchór, an tSeirbhís Chabhlaigh agus na hÓglaigh Chúltaca tairbhe as an infheistíocht i dtrealamh nua.

Cuireadh obair ar phlean trealamh deich-mbliana nua a fhorbairt le faomhadh ag an nGrúpa Pleanála Ardleibhéil agus Fála ar aghaidh le linn 2008.

AN TARM

- Ó thaobh an Airm de, rinneadh infheistíocht mhór sna conarthaí um Iompróirí Pearsanta Armúrtha (IPA) Mowag. Is é an líon iomlán IPA a fuarthas ó 2001 ná ochtó ar chostas tuairim €120m. Tá tríocha-haon IPA thar lear faoi láthair, fiche-dó i Sead agus naoi gcinn acu sa Chosaiv. Chun tacaíocht loighisticíúil a sholáthar do na Mowags síníodh conradh leis an gComhlacht go deireanach i 2007, ar luach €8.5m, chun stoc straitéiseach de pháirteanna breise a sholáthar thar an tréimhse 2007 go 2009. Cinntíonn sé sin go bhfuil dóthain páirteanna breise ar fáil don fhlit Mowag agus iad sa bhaile agus i mbun imscarthaí thar lear.
- I Nollaig 2008, síníodh conradh chun fiche-seacht Feithicil Armúrtha Oirbheartaíochta Éadroime (FAOE) a sholáthar d’Óglaigh na

¹. An Páipéar Bán, Cuid 13.8

². Seo a leanas an téarmaíocht a úsáidtear sa Tuarascáil Bhliantúil seo: úsáidtear an téarma “cosaint” le tagairt ar bhealach leathan do sholáthar cosanta in Éirinn a chuimsíonn gnéithe sibhialta agus míleata, tagraíonn “eagraíocht chosanta” don eagraíocht sibhialta agus mhíleata; tagraíonn “Óglaigh na hÉireann” don eagraíocht mhíleata.



hÉireann ar BAE Systems atá lonnaithe san Afraic Theas. Tá sé mar aidhm go gcabhróidh an FAOE leis na IPA Mowag agus iad i mbun gnáthoibríochtaí agus Oibríochtaí Síochánaíochta agus go líonfaidh siad bearna atá ann idir na feithiclí boga agus na IPA Mowag.

- Mairfidh an conradh do na FAOE ar feadh trí bliana agus tá luach €19.6m air. Clúdófar costais an chláir thar roinnt blianta ón mbuiséad Cosanta, ag tógáil san áireamh na cúinsí eacnamaíochta atá i réim i láthair na huaire. Déanfar sé cinn déag de na feithiclí a sheachadadh go deireanach i 2009 agus déanfar aon cheann déag a sheachadadh i 2010. Tugann an conradh an rogha feithiclí breise a fháil amach anseo i gcás go mbeadh gá leo.
- Le blianta beaga anuas, rinneadh go leor oibre ar Chóras Comhtháite um Chosaint Iompair Ualaigh don saighdiúir aonair a fháil. Cuimsíonn an córas sin Armúr Coirp, Cafairr, Cnapsaic agus Veisteanna Catha. Rinneadh 8,000 aonad d'armúr coirp, 12,000 Cafarr agus 12,000 cnapsac a sheachadadh le blianta beaga anuas ar chostas iomlán €13.5m. Chun an Córas Comhtháite nua-aimseartha um Chosaint Iompair Ualaigh a chríochnú, rinneadh 12,000 Veist Chatha a sheachadadh i 2008 ar chostas tuairim €2.2m. Úsáidtear na Veisteanna Catha chun míreanna riachtanacha a iompar mar lón lámhaigh, raidió pearsanta, uisce agus trealamh coimhdeach.
- Trealamh mór eile a fuair an tArm le déanaí ná 900 Inneallghunna Ilchuspóireacha a fuarthas ó FN Herstal sa Bheilg ar chostas €10m, a ndearnadh 500 ceann acu a sheachadadh go deireanach i 2008.
- Le blianta beaga anuas, baineadh amach coigiltis shuntasacha agus luach suntasach ar airgead trí threalamh Cosanta Aeir agus Canónacha Cabhlaigh dara láimhe a fháil ó

Fhórsaí Cosanta na hIorua agus na Gearmáine. Lean ceannach faille den chineál sin ar aghaidh i 2008 le fáil nócha-cúig Córas Moirtéir agus lón lámhaigh moirtéir bainteach ó Ruag san Eilvéis.

- ELBITT (Córas Rialaithe Lámhaigh Airtléire) Ceannaíodh aon aonad amháin i 2008 agus tá trí haonad eile le teacht i 2009. Laghdóidh an córas sin an Timthriall Comhraic Sprice ó chúig nóiméad go tríocha-cúig soicind.
- Fuarthas Droichead Líne Cumarsáide Mabey and Johnston ar chostas €1.5m.
- Cuireadh tús le huasghrádú digiteach HOBÓ le linn na bliana mar chuid de Phlean Fadaíthe Saoil ar chostas €1m.
- Fuarthas dhá Aonad Frithbhearta Leictreonacha (FBE) le himscaradh ar Oibríochtaí Tacaíochta Síochána ar chostas €0.85m.

AN tAERCHÓR

- Fuarthas sé héileacaptar áirgiúlachta AW 139 ó Agusta Westland san Iodáil ar chostas €75m. Rinneadh dhá AW 139 a sheachadadh i Samhain 2006, rinneadh dhá cheann eile a sheachadadh i 2007 agus fuarthas an dá cheann deireanacha i 2008. Áirítear leis na príomhthascanna don héileacaptar áirgiúlachta slándáil agus Cúnamh don Chumhacht Shibhialta, cleachtaí míleata, traenáil chomh-inoibritheachta coisithe agus iompar teoranta trúpaí. Freisin is féidir iad a úsáid chun tascanna otharcharr aeir, Cuardach agus Tarrthála intíre, cúnamh do na húdaráis shibhialta, tacaíochta pobail agus iompar VIP a dhéanamh.
- Síníodh conradh i 2005 le haghaidh uasghrádú mór lársaoil ar dhá aerárthach patróil mara CASA an Aerchóir ar chostas €16m. Rinneadh an t-uasghrádú ar an gcéad aerárthach i 2007; cuireadh an dara uasghrádú i gcríoch i 2008.



AN tSERIBHÍS CHABHLAIGH

- Sa Pháipéar Bán ar chosaint d'fhaomh an Rialtas forbairt na Seirbhíse Cabhlaigh ar bhunús cabhlachán ocht-loinge. Tá roinnt long sa tSeirbhís Chabhlaigh ag druidim le deireadh a saoil úsáidigh agus seoladh comórtas tairisceana um chlár athsholáthar loinge i Lúnasa 2007. D'iarr an comórtas tairiscintí chun dhá Ártach Patróil Amach ón gCósta agus aon Ártach Patróil Fhadaithe, amháin a sholáthar, le rogha do suas go dhá ártach breise. Tá an próiseas comhdhéanta de dhá chéim - Céim 1, larratas ar Thairiscintí agus Céim 2, Cuireadh Tairisceana.
- Cuireadh an comórtas tairisceana do na OPVanna ar aghaidh i rith 2008, le críochnú Céim 1 agus fáil tairiscintí mar fhreagra ar Céim 2 den chomórtas. Tar éis luachála ar na tairiscintí, roghnaíodh táirgeoir agus tá caibidlí sonracha agus fairsinge maidir leis an gconradh nach mór críochnaithe anois. Beidh an cinneadh dul ar aghaidh leis an gconradh chun na OPVanna a cheannach faoi réir fhaomhadh an Rialtais agus táthar ag súil go ndéanfar na háirte nua a sheachadadh le gur féidir an tSeirbhís Chabhlaigh glacadh leo ar bhonn céimnithe ó 2012. Maidir leis an EPV níos mó, tá Céim 1 den chomórtas críochnaithe. Ní chuirfear tús le Céim 2 go mbeidh an conradh don OPVanna curtha i gcrích.

Bonneagar

Déanann an Roinn bainistíocht ar phunann mór réadmhaoine agus talún de thart ar 8,400 heicteár (atá comhdhéanta go príomha de thailte sa Churrach, Co. Chill Dara; i nGleann Uí Mháil, Co. Chill Mhantáin agus Campa Chill Uird, Co. Chorcaí) le seacht gcinn déag d'fheistis mhíleata a bhíonn áirithe i gcónaí lena n-áirítear an Currach, Aeradróm Mhic Easmuinn i mBaile Dhónaill agus an Bhunáit Cabhlaigh sa Dún i gCuan Chorcaí. Cuimsíonn an punann réadmhaoine Cosanta gabháltais i beagnach 100 ionad ar fud na tíre, agus ina theannta sin, tógtar áitribh ar cíos ag beagnach 70 ionad eile, le húsáid ag na hÓglaigh Chúltaca.

Is iad riachtanais Óglaigh na hÉireann maidir le comhaltaí pearsanra a ardú, a thraenáil agus a choimeád, tabhairt faoi oibríochtaí míleata agus iad a choimeád agus cóiríocht agus áiseanna traenála a sholáthar a shocraíonn méid, éagsúlacht agus nádúr phunann réadmhaoine na Roinne. Tá dúshlán mór ag baint le bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil a dhéanamh ar phunann réadmhaoine na Roinne. I dteannta le tailte agus réadmhaoine a ligean ar cíos, déanann an Roinn réadmhaoine a sháraíonn na riachtanais mhíleata a dhiúscairt. Tá an ghníomhaíocht sin éirithe níos tábhachtaí de réir a chéile ó 1998 nuair a chinn an Rialtas dúnta áirithe a sháraigh na riachtanais a dhúnadh agus iad a dhiúscairt. Baineadh úsáid as na fáiltas ó dhúnta agus réadmhaoine bhreise eile, lenar áiríodh ceanncheathrúna do lánúnacha pósta, a dhíol, chun cistí a sholáthar le hinfheistiú i dtrealamh agus bonneagar Óglaigh na hÉireann.

Lean an Roinn ar aghaidh ag comhoibriú le Ranna agus gníomhaireachtaí Stáit eile chun áiseanna Cosanta a chur ar fáil le haghaidh cuspóirí éagsúla lenar áiríodh cóiríocht do lucht iarrtha tearmainn, Tionscnamh Tithíochta Inacmhainne an Rialtais, raonta lámhaigh a sholáthar do na Gardaí, agus áiseanna a sholáthar do na meáin chumarsáide, um léiriú scannán, srl.

Tá dúshlán tábhachtacha ag baint le hacmhainní nádúrtha a chaomhnú agus a chosaint maidir le bainistíocht ar an gcomhshaol. Agus muid ag cuimhneamh ar an tábhacht a bhaineann lenár gcuid réadmhaoine a bhainistiú ar bhealach atá cairdiúil don chomhshaol, déanaimid iarracht cur chuige inbhuanaithe a choimeád i dtreo an chomhshaoil agus an tírdhreach nádúrtha a chaomhnú de réir bheartas an Rialtais mar atá leagtha amach sa Phlean Oidhreachta Náisiúnta agus sa Phlean Náisiúnta um Bithéagsúlacht.

Mar chuid de Thionscnamh Tithíochta Inacmhainne an Rialtais, aontaíodh réadmhaoine na Roinne a scaoileadh i nDún Magee, Cill Dara, tailte i mBaile Mhic Gormáin, agus tailte ag Ospidéal Míleata Naomh Bricín, Baile Átha Cliath agus an Páirc Champa, Dún Uí Choileáin, Corcaigh chomh maith le togra chun tailte breise a scaoileadh i gCaisleán an Bharraigh, i mBré agus Cnoc an Lisín, Co. an Chláir.



Tá an Roinn i mbun cláir leanúnach caipitiúil tógála chun an chóiríocht traenála, oibriúcháin agus maireachtála atá ar fáil d'Óglaigh na hÉireann a nuachóiriú agus a fheabhsú.


I 2008 chaith an Roinn thart ar €26 milliún ar thionscadail chaipitiúla tógála. Rinneadh cuid de príomhthionscadail ar tugadh fúthu i nDún Mhic Aogáin Dún Dealgán, Campa Fionnabhair Dún na nGall, Dún na Rinne Móire Gaillimh, Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann an Currach, Dún Chostúim Baile Átha Luain, Dún Uí Choileáin Corcaigh agus Aeradróm Mhic Easmuinn Baile Uí Dhónaill.

Acmhainní Daonna Óglaigh na hÉireann

NEART EAGRAÍOCHTA AGUS EARCAÍOCHT

Leag an Páipéar Bán ar Chosaint (2000) amach an tábhacht a bhaineann le straitéis leanúnach earcaíochta le líon foirne Óglaigh na hÉireann a choimeád ag 10,500. Tugann sé údarás don Cheann Foirne chun earcaíocht a rialú suas go dtí an figiúr sin. Coimeádadh líon foirne an PDF laistigh den líon ceadaithe de 10,500 i 2008. Ag deireadh na bliana ba é an líon ná 10,408. Cuireadh earcaíocht ar fionraí, ach amháin i gcás Oifigigh Liachta, i nDeireadh Fómhair 2008 chun na coigiltis riachtanacha phárolla a bhaint amach don Vóta Cosanta. Tugann Figiúr 1.1 miondealú ar an líon foirne ag deireadh na bliana idir an tArm, an tAerchór agus an tSeirbhís Chabhlaigh.

Figiúr 1.1 Ba é líon foirne na mBuanóglach ar 31 Nollaig 2008 ná 10,408



Earcaíocht

Gné lárnach d'inniúlacht mhíleata iad comhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann agus ní mór iad a bhainistiú go héifeachtach chun cinntiú go bhfuil an meascán agus an caighdeán ceart acmhainní daonna ann. Chun láimhdeachas 5.34% a athshlánú ar an meánlíon bliantúil, earcaíodh 557 comhalta pearsanra san iomlán i 2008. Ba ionann é sin agus laghdú 14.33% ar earcaíocht ón mbliain 2007 nuair a earcaíodh 649 comhalta pearsanra.

Leanadh ar aghaidh le sraith d'fheachtais fhógraíochta tras-mheán le haghaidh Earcaithe Seirbhíse Ginearálta agus Sainearcaíochta araon. Ina theannta sin, thug foirne réigiúnacha earcaíochta cuairt ar Mheánscoileanna agus Institiúidí Tríú-Leibhéal.

Áiríodh leis na taispeántais ghairme ar ghlac Óglaigh na hÉireann páirt iontu an taispeántas 'Higher Options' san RDS, Baile Átha Cliath agus 'Opportunities 2008' le FÁS i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath. Fuarthas aiseolas an-dearfach ó na himeachtaí sin.

Baineadh úsáid as Foirm Iarratais idirghníomhach, a bhí ar fáil ar láithreán gréasáin Óglaigh na hÉireann le haghaidh na Sainearcaíochta go léir. Iarratais ar líne a bhí i 85% de na hiarratais ar Dhaltas, 90% de na hiarratais ar Oifigigh Liachta agus 87% de na hiarratais Phrintíseacha a fuarthas.


Ag deireadh 2008 bhí 2,629 iarratas ar earcaíocht Seirbhíse Ginearálta cláraithe ag Óglaigh na hÉireann agus tá siad ag feitheamh le próiseáil i gcás go gcuirfí tús le hearcaíocht.

Earcaíocht Seirbhíse Ginearálta

Fuarthas 5,466 iarratas ar liostáil mar Earcaithe Seirbhíse Ginearálta i 2008. Is ionann é sin agus méadú 146% ar iarratas ón mbliain 2007 nuair a fuarthas 2221 iarratas. Liostáladh 507 Earcaí Seirbhíse Ginearálta sna Buanóglach i 2008. Tá miondealú ar earcaíocht de réir Briogáide/Eagair san áireamh i bhFigiúr 1.2.



Figiúr 1.2 *Earcaithe Seirbhíse Ginearálta de réir Briogáide/Eagair*




Nóta: Ní raibh gá le hiontógáil Seirbhíse Ginearálta san Aerchór i 2002, 2003, 2004, 2005, 2007 ná 2008

Earcaíocht agus coimeád ban sna Buan-Óglaigh

Mhéadaigh na mBan seirbheála go 570 i 2008; is ionann é sin agus 5.5% de líon foirne iomlán na mBuan-Óglach. Bhí sé sin comhdhéanta de 468 comhalta san Arm, 32 comhalta san Aerchór agus 70 sa tSeirbhís Chabhlaigh. Leanann Óglaigh na hÉireann orthu ag cur i bhfeidhm mholtaí Thuarascáil an TNS MRBI i 2007 maidir le mná a hearcú agus a choimeád in Óglaigh na hÉireann.

Figiúr 1.3 *Thíos an méadú ar an líon ban atá ag seirbheáil sa PDF le sé bliana anuas.*




Sainearcaíocht

Baineann sainearcaíocht le Daltaí Oifigigh, Iontrálaithe Díreacha agus Printísigh (Teicneoirí). I rith na bliana chuir 44 duine isteach ar phoist Iontrála Dírí agus chuir 612 duine isteach ar phrintíseachtaí.

Coimisiúnaíodh triúir Oifigigh Liachta, aon Oifigeach Líne amháin, ceathrar Innealtóirí Aerloingseoireachta, tríocha-trí Dalta Airm, beirt Daltaí Eachaíochta Airm, seisear Daltaí Seirbhíse Cabhlaigh agus liostáladh aon Ionstraimí. Comhaltaí pearsanra liostáilte ab iad ceathrar de na caoga speisialtóir a ionductaíodh i 2008.

Figiúr 1.4 *Speisialtóirí Ionductaithe i 2008*



DALTAÍ OIFIGIGH

I 2005 leathnaíodh an bunús iontrála do dhaltais trí mharcanna bónais a bhronnadh le haghaidh céimithe agus comhaltaí pearsanra liostáilte seirbheála araon agus tríd an uas-teorainn aoise a mhéadú go 28. Mar gheall ar an athrú sin ar an mbeartas tháinig méadú ar an líon iarratas. Méadaigh an líon iarratas ar dhaltais oifigigh i 2008 ag 28% ó 2007 agus tháinig méadú suntasach ar iarratais ó chéimithe cáilithe agus mná araon.



TÁBLA 1.1 Miondealú ar iarratasóirí ar dhaltais oifigigh

	An tArm agus Eachaíocht	An tSeirbhís Chabhlaigh	Iomlán
Iarratais	1,046	137	1,183
Réamhagallamh	220	23	243
Agallamh Deireanach	54	7	61
Fíor-iontógáil	35	6	41

Seirbhís Tacaíochta Pearsanra

Feidhmíonn Óglaigh na hÉireann Seirbhís Tacaíochta Pearsanra (STP), ar seirbhís rúnda í a sholáthraíonn eolas, oideachas, tacaíocht agus seirbhís atreoraithe atá ceaptha chun rochtain a thabhairt do chomhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann ar eolas agus sheirbhísí laistigh den phobal míleata agus taobh amuigh de araon.

Chuaigh fiche-naoi ball den STP faoi thraenáil ar bhainistíocht strus leis an Stress Management Institute of Ireland le linn na bliana. Sula ndéantar iad a imscaradh thar lear faigheann gach comhalta pearsanra treoir ar bhainistíocht strus. Arís, sular fhill gach aonad abhaile, thug baill traenáilte den STP cuairt ar cheantar an mhisin agus rinne siad díchoimriú strus in ionad mar Shead, an Bhoisnia- Heirseagaivéin agus an Chosaiv.

Caidrimh Idirphearsanta

De réir thiomantas an Rialtais, mar atá áirithe sa Chlár Rialtais, chun “athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar oibriú na mbeart um chomhionannas agus frithbhulaíocht san arm” bunaíodh Grúpa Monatóireachta Neamhspleách (GMN) i bhFeabhra 2008. D’oibrigh an GMN faoi chathaoirleacht an Dr. Eileen Doyle agus san áireamh ann bhí ionadaithe ón mbainistíocht shibhialta agus mhíleata, PDFORRA agus RACO. Chuir an GMN a dtuarascáil faoi bhráid an Aire Cosanta i Nollaig 2008.

Sásamh Éagóracha

Fuarthas 234 iarratas ar Shásamh Éagóracha i 2008. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur tháinig 113 ceann ó aon duine amháin. Gan iarratais iolra den sórt sin a áireamh, tháinig laghdú suntasach ar an líon iarratas a fuarthas i 2008 i gcomparáid le leibhéal 2007. Creidtear go bhfuil tabhairt isteach nósanna imeachta eatramhacha agus meicníochtaí achomhairc nua a dhéileálann le roghnú um ardú céime agus cúrsaí dul chun cinn gairme srl. mar fhachtóir sa laghdú sin.

Tá miondealú ar na catagóirí éagsúla ar cuireadh iarratais ar Shásamh Éagóracha isteach fúthu tugtha thíos. Faightear go leor gearán maidir le dul chun cinn gairme fós. Táthar ag súil go laghdófar iarratais sa réimse sin nuair a dhéanfar an leasú nua ar Threoracha Riaracháin, Cuid 10 maidir le hardú céime.

TÁBLA 1.2 Iarratais ar Shásamh Éagóracha


	Forbairt Ghairme	Caidrimh Idirphearsanta	Eile
2003	22	6	8
2004	21	6	2
2005	17	3	5
2006	73	3	18
2007	107	7	95 ¹
2008	70	4	160 ²

¹ Fuarthas 48 acu ó bheirt

² Fuarthas 113 acu ó dhuine amháin



Figiúr 1.5 Iarratais ar Shásamh Éagóracha 2003 - 2008



Tástáil Drugaí Éigeantach Randamach (TDÉR)

I 2008, tástáladh 1,908 comhalta d'Óglaigh na hÉireann faoin gClár um Thástáil Drugaí Éigeantach Randamach. Tá sé sin cosúil leis an líon tástálacha a rinneadh i 2007 agus léiríonn sé tar-rolladh iomlán an chlár a chuimsíonn anois na hÓglaigh Chúltaca agus aonaid thar lear. Fuarthas toradh diúltach ar 99.69% de na tástálacha sin agus ba ionann 6 thástáil dhearfacha i 2008 agus 0.31% d'iomlán na dtástálacha a cuireadh i gcríoch.

Tar éis bhreithiúnas Ard-Chúirte le linn 2008, forbraíodh nósanna imeachta athbhreithnithe le cur i bhfeidhm i gcás toraidh dhearfaigh ar thástáil agus tugadh isteach i Márta 2009. Ní dheachthas i bhfeidhm ar an gclár de Thástáil Drugaí Randamach. Lean tástálacha ar aghaidh i rith 2008 de réir an sceidil bheartaithe. Tá an sceideal comhdhéanta de thástáil bhliantúil ar 10% de na comhaltaí Buan-Óglach agus 10% de na Comhaltaí Óglach Cúlaca a thugann tuairisc ag an gcampa bliantúil. Ar feitheamh na nósanna imeachta nua sin a thabhairt isteach, cuireadh próiseáil riaracháin ar thorthaí dearfacha tástála ar fionraí. Déanfar aon

toradh dearfach a phróiseáil faoi na nósanna imeachta athbhreithnithe.

Tacaíonn Tástáil Drugaí Éigeantach Randamach le beartas Óglaigh na hÉireann a deireann nach réitíonn seilbh, soláthar ná úsáid mhídhleathach druga rialaithe le ballraíocht ar Óglaigh na hÉireann. Tar éis dóibh sé bliana de thástáil drugaí randamach a dhéanamh, tá Óglaigh na hÉireann fós chun tosaigh maidir le Tástáil Drugaí san Ionad Oibre in Éirinn.

TÁBLA 1.3 Líon TDÉR Críochnaithe de réir Ionad i 2008

CCÓÉ	40
Céad Bhriogáid an Deiscirt	918
Dara Briogáid an Oirthir	402
Ceathrú Briogáid an Iarthair	437
ATÓÉ	8
An tAerchór	0
An tSeirbhís Chabhlaigh	103
Iomlán	1,908

TÁBLA 1.4 TDÉR le haghaidh na mblianta 2003-2008

Bliain	Iomlán Tástáilte	Tástálacha Dearfacha
2003	1,086	4
2004	1,110	4
2005	1,238	7
2006	1,213	7
2007	1,905	7
2008	1,908	6



Traenáil na mBuan-Óglach

Le linn 2008, rinne na Buan-Óglaigh 228 cúrsa traenála, ar fhreastail 6,943 dalta orthu, figiúr atá comhionann le 72% de na Buan-Óglaigh. Cuimsíonn na figiúir sin an ghné fhoirmiúil de thraenáil trí shiollabais údaraithe Óglaigh na hÉireann, ach ní léiríonn siad na gníomhaíochtaí traenála breise laethúla, Cleachtaí agus Traenáil Réamh-Imscartha a dhéanann na haonaid.

Cúrsaí Gairme

I 2008, sholáthair Óglaigh na hÉireann raon leathan de chúrsaí dul chun cinn gairme chun cinntiú go mbeadh dóthain comhaltaí pearsanra ar fáil chun ceapacháin cheannaireachta a líonadh ag gach leibhéal san eagraíocht agus go mbeadh dóthain deiseanna ar fáil do chomhaltaí pearsanra chun cuspóirí forbartha gairme a bhaint amach. Dearadh an chéad chúrsa ar Cheannaireacht Straitéiseach ag an Scoil Ceannais & Foirne, le héascaitheoirí acadúla ó Ollscoil na hÉireann Má Nuad, chun feabhas a chur ar thraenáil leibhéal straitéisigh agus oideachas oifigeach sinseartha chun dul i ngleic leis na dúshláin choincheapúla agus phraiticiúla um cheannairí in Óglaigh na hÉireann sa 21ú haois.

TÁBLA 1.5 Cúrsaí Gairme 2008

Aschur Traenála	Líon Cúrsaí	Mic Léinn
Cúrsa Ceannaireachta Straitéisí	1	25
Cúrsa Ceannais & Foirne	2	34
Cúrsa Sóisearach Ceannais & Foirne	2	57
Cúrsa um Oifigh Shinseartha Neamhchoimisiúnaithe	1	35
Cúrsa Cuntasaíochta Loighistice	2	36

TÁBLA 1.5 Cúrsaí Gairme 2008

Aschur Traenála	Líon Cúrsaí	Mic Léinn
Cúrsa Caighdeánach OSNC	3	96
Cúrsa OSNC féideartha	5	218

Cleachtaí Comhthraenála

Rinne Óglaigh na hÉireann fiche-seacht cleachtadh comhthraenála i 2008 chun cumais a choimeád in oibríochtaí coinbhinsiúnacha. Ba é príomhdhíriú na gcleachtaí sin ná nósanna imeachta ceannais agus rialaithe, nósanna imeachta foirne, pleanáil lámhaic, agus obráidí a stiúradh de lú agus d'oiche a dhéanamh. Ina theannta sin, d'fheidhmigh roinnt cleachtaí mar ardán chun na hÓglaigh Chúltaca a lánpháirtíú. Is é príomhchuspóir chleachtaí comhthraenála Óglaigh na hÉireann ná ullmhú i gcomhair comhaltaí pearsanra a imscaradh ar oibríochtaí. Baintear bailíochtú cumas amach sula ndéantar aonaid a imscaradh ar oibríochtaí thar lear trí chleachtaí traenála a dhéanamh ag leibhéal aonaid agus measúnú a dhéanamh ina dhiaidh sin ar Chleachtaí Réidhe Misin (CRM) ag an Scoil Coisithe, Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann (ATÓÉ). Rinneadh sé CRM i 2008. Is iad na cleachtaí sonracha misin sin an ghné dheireanach d'ullmhú roimh imscaradh thar lear.

Na hÓglaigh Chúltaca

Is é príomhthasc na hÓglaigh Chúltaca aimsir na síochána ná traenáil i gcomhair tascanna teagmhasacha. Leanadh ar aghaidh leis an bPlean Forfheidhmithe faoin Athbhreithniú ar Óglaigh na hÉireann a chur i bhfeidhm le linn 2008. Síneadh an treoirlár lánpháirtithe, a tosaíodh i 2007, isteach i 2008. Cé gur ábhar díomá ab ea an líon a ghlac páirt ann, foghlaimíodh ceachta luachmhara uaidh.




De réir fhorálacha an Phlean Forfheidhmithe faoin Athbheithniú ar Óglaigh na hÉireann, cuireadh pleananna ar aghaidh le linn 2008 chun ligean do líon beag comhaltaí cáilithe de na hÓglaigh Chúltaca seirbheáil thar lear i bpoist a raibh scileanna sonracha ag teastáil dóibh. Cuireadh an tionscadal ar athlá go deireanach i Márta 2009 de bharr an mhoratorium ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí agus srianta buiséad.

Tugadh isteach córas éifeachtach nua um measúnú aonaid le haghaidh na n-Óglach Cúltaca chomh maith le logleabhar traenála aonair le haghaidh gach comhalta. Freisin cuireadh Beartas ar Thraenáil Fhisiúil do na hÓglaigh Chúltaca i bhfeidhm i gcaitheamh na bliana. Freisin baineadh amach feabhsúcháin ar éadaí agus trealamh.



Cúltacaire i dTraenáil





Cuid 2

Slándáil ar an Oileán agus Tacaíocht do Ghníomhaireachtaí Eile





Cuid 2: Slándáil ar an Oileán agus Tacaíocht do Gníomhaireachtaí Eile

Mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann 2008-2010, cuspóir ardleibhéil den Eagraíocht Chosanta ná:

- Cur le slándáil agus seasmhacht ar an oileán trí Chúnamh don Chumhacht Sibhialta (CCS), Cúnamh don Údarás Sibhialta (CÚS) agus seirbhísí éigeandála agus neamhéigeandála eile a sholáthar ar iarratas.

Is é an cur chuige ginearálta áit a gcuirtear seirbhísí ar fáil ar bhunús athfhillteach go ranna agus gníomhaireachtaí eile ná aontú ar Mheabhrán Tuisceana (MT) nó Comhaontú Leibhéal Seirbhíse (CLS) mar chreat chun sheirbhísí a sholáthar.

Freagra ar Éigeandálaí

I gcás móréigeandála feadann na trí phríomhghníomhaireacht freagartha, An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus na hÚdarás Áitiúla, tacaíocht a lorg ó Óglaigh na hÉireann, de réir na socruithe atá comhaontaithe sa doiciméad foilsithe, “*Creat um Bainistíocht Móréigeandálaí*” den dáta 12 Meán Fómhair 2006. Cuireadh an creat sin i ngníomh ar 30 Meán Fómhair 2008 agus cloíonn gach gníomhaireacht leis na nósanna imeachta a bhfuil sonraí uirthi sa chreatdoiciméad.

Féadann Óglaigh na hÉireann ról mór tacaíochta a sholáthar i bhfreagraí móréigeandála agus cumais oibriúcháin mhíleata ar féidir a úsáid thar raon leathan gníomhaíochtaí. Bíonn soláthar tacaíochta ag Óglaigh na hÉireann ag brath ar na riachtanais a bhaineann le héilimh shlándála eile, agus ar na hacmhainní atá ar fáil ag an am. Ach éascaítear fós freagra beartaithe agus éifeachtach i gcás éigeandála trí hidirbheartú socruithe réamhaontaithe trí MT agus CLS idir an Roinn Cosanta, Óglaigh na hÉireann agus na Ranna Rialtais ábhartha.

Chun go mbeifí in ann freagra tapa agus éifeachtach a thabhairt i gcás éigeandála tá sé riachtanach go mbeadh gach gníomhaireacht fhreagartha in ann oibriú as lámh a chéile. Teastaíonn comhthraenáil agus cleachtaí idirghníomhaireachta chun na críche sin.

I rith 2008 ghlac Óglaigh na hÉireann páirt i roinnt cleachtaí idirghníomhaireachta.

Fliú na n-Éan

Le linn 2008, bhí foirne tacaíochta ainmnithe ag na trí Bhriogáid a bhí réidh le cabhrú leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia i gcás ráige in Éirinn de réir an CLS dréachtúil.

Oibríochtaí Cúnamh don Chumhacht Shibhialta (CCS) – 2008

Is iad an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus An Garda Síochána atá freagrach go príomha as slándáil inmheánach. Tá ról lárnach ag Óglaigh na hÉireann in CCS a sholáthar ar iarratas.

TÁBLA 2.1 Doibríochtaí CCS Óglaigh na hÉireann a rinneadh i 2008

Cineál Oibríochtaí CCS	Líon Oibríochtaí 2008
Tionlacain um Airgead faoi Bhealach	2,210
Tionlacain Príosúnach	118
Glaonna amach um Dhiúscairt Ordánas Pléascach	180
Tionlacain Pléascach	18
Misin Aeir mar thacaíocht do CCS, (AAGS)	2,185
Slándáil ag Foirgnimh Rialtais	366
Patróil ag Foirgnimh Phoiblí	732
Garda Slándála an Bhainc Ceannais	366
Patróil Bainc Ceannais	732
Dualgais Slándála ag Príosún Phort Laoise	366
Garda Slándála um Tháirgeadh Pléascach	366
Dualgais Slándála Aerfort	113
Patróil Aerfort na Sionainne	22
Slándáil Suiteála Cumhachta	366
Saoraidí Stórála Breosla	7
Patróil Bradán SC	5
Dualgais Loinge Garda SC	1



TÁBLA 2.1 Doibríochtaí CCS Óglaigh na hÉireann a rinneadh i 2008

Cineál Oibríochtaí CCS	Líon Oibríochtaí 2008
Rannphárteachas SC i Oibríochtaí Chomhtascfhórsa	5
Tacaíocht SC d'Aonad Uisce an Gharda Síochána	1
Oibríochtaí Tumadóireachta CCS SC	13
lomlán	8,172

TÁBLA 2.2 Misin Airgid faoi Bhealach a d'eitil an tAerchór i 2008

Aerárthach	Misin	Uaireanta Eitilte
Cessna Fr172	244	608.17
Euro Copter 135P	2	3.00
Augusta Westland 139	9	12.00
Pilatus PC-9M	9	13.17
lomlán	264	636.34

AONAD AERTHACAÍOCHTA AN GHARDA SÍOCHÁNA (AAGS)

Tacaíonn AAGS an Aerchóir leis An nGarda Síochána le dhá héileacaptar agus aerárthach sciathán socair a dhéanann suas an AAGS. Soláthraíonn Aerchór Ginearálóifigeach i gCeannas an Aerchóir forbhreathnú, treorú agus cothabháil rialacháin don AAGS chomh maith le cothabháil le haghaidh na n-aerárthach Defender. Tá tacaíocht an Aerchóir don AAGS clúdaithe ag téarmaí CLS leis an Roinn Dí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dí.

TÁBLA 2.3 Misin a d'eitil an tAerchór GASU i 2008

Aerárthach	Misin	Uaireanta Eitilte
EC 135T2	2,068	1,916
Defender 4000	117	201
lomlán	2,185	2,117

SEIRBHÍS AERIOMPAIR A SHOLÁTHAR DO CHOIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA, (COGS)

Síníodh CLS idir an Roinn agus COGS i Samhain 2007. D'fhoráil an comhaontú seo um sheirbhís aeriompair a sholáthar ag an Aerchór chun fiosraitheoirí COGS a iompar go tapa chuig ionad tarlúna troime, tasc atá riachtanach.

DIÚSCAIRT ORDANÁS PLÉASCACH (DOP)

Soláthraíonn foirne DOP a oibríonn in CCS cumas freagra uathúil laistigh den Stát le dul i ngleic le teagmhais DOP. Forbraíodh an cumas seo thar an iomaí blianta sa bhaile agus thar lear araon agus feabhsaíodh é níos mó i réimse na n-Oibríochtaí Ceimiceacha, Bitheolaíoch, Raideolaíochta agus Núicléacha (CBRN) i rith 2008.

TÁBLA 2.4 Oibríochtaí DOP a rinneadh i 2008

Cineál Oibríochtaí DOP	Líon Oibríochtaí
Diúscairt Gaireas	54
Gairis Bhréige	58
'Seanearraí Ordanáis' a fuarthas ag an bPobal	27
Ordanáis faighte ar raoin mhíleata (Gleann Uí Mháil go príomha)	7
Gairis Bhréige	10
Diúscairt 'Earraí Piriteicniúla / Lascracháin a bhfuil an t-am istigh dóibh	12
Earraí a tháinig faoi thír	6
Pléascaigh tráchtála, fiosrúcháin agus eile	6
lomlán	180



OIBRÍOCHTAÍ CCS NA SEIRBHÍSE CABHLAIGH

Leanann an tSeirbhís Chabhlaigh uirthi ag soláthar raon de sheirbhísí sa ról CCS. Feabhsaíonn an Comhthascfhórsa ar Dhrugaí (FCD) comhoibriú idir an Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim agus an tSeirbhís Chabhlaigh maidir leis an dlí i leith gáinneála ar dhrugaí a chur i bhfeidhm. Rinneadh Oibríocht Idirnáisiúnta a raibh an FCD rannpháirteach inti ar an gcósta thiar theas i Samhain 2008. I ndrochairsir, thug an tSeirbhís Chabhlaigh faoi oibríocht bhordála ar luaimh 60-troighe. Gabhadh triúir. Fuarthas cuid mhór pacáistí amhrasta de chócaon ar luach sráide de thart ar €500 milliún ar an luaimh. Creideann an FCD go mbaineadh rath idirnáisiúnta suntasach amach maidir le hurghaireadh de bharr na hoibríochta sin a bhí bunaithe ar fhaisnéis.

Freisin soláthraíonn an tSeirbhís Chabhlaigh cúnamh áit a n-iarrtar, don Gharda Síochána leis an gClár um Patról Bliantúil Bradán, le hoibríochtaí slándála in Aerfort na Sionainne agus trí long cosanta a sholáthar d'árthaigh chabhlaigh eachtracha ar cuairt. Thug an tSeirbhís Chabhlaigh tacaíocht d'Aonad Uisce an Gharda Síochána i mBá Chnocán na Líne, Contae Mhaigh Eo le linn Lúnasa agus Mheán Fómhair. Thóg sé ártach cabhlaigh seal le linn na tréimhse ar feadh 39 lae. Sonraíonn an tábla seo a leanas an líon oibríochtaí CCS ar thug an tSeirbhís Chabhlaigh fúthu i 2008.

TÁBLA 2.5 Oibríochtaí CCS na Seirbhíse Cabhlaigh 2008

Cineál Oibríocht CCS	Líon Oibríochtaí
Patrúil Bhliantúla Bradán SC	5
Dualgais Loinge Garda SC	1
Rannpháirteachas in Oibríochtaí FCD	5
Tacaíocht SC d'Aonad Uisce an Gharda Síochána – Bá Chnocán na Líne	1
Oibríochtaí Tumadóireachta CCS an SC	13
Iomlán	25

Laethanta Patrúil na Seirbhíse Cabhlaigh– 2008

Soláthraíonn an tSeirbhís Chabhlaigh an eilimint mhara de chosaint an Stáit. I 2008, thug flít na Seirbhíse Cabhlaigh faoi 75 ordú seoltóireachta san iomlán a mhair idir aon seachtain amháin agus ceithre seachtainí. Rinne árthaigh na Seirbhíse Cabhlaigh patrúil ar 155,495 muirmhíle mar thacaíocht do leas na hÉireann. Ar bhunús laethúil is é a príomhghníomhaíocht ná seirbhísí cosanta iascaigh a sholáthar atá bunaithe ar aschuir a aontaíodh leis an Údarás Cosanta Iascach Mara.

Leag Plean Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cabhlaigh (2000) amach sprioc de 90% de laethanta patrúil sa bhliain a dháileadh do ghníomhaíocht cosanta iascach. Baineadh an sprioc seo amach arís eile i 2008. Ba é an líon iomlán de laethanta patrúil don bhliain ná 1,658 agus dhírigh breis is 90% acu (1,493 lá) ar dhualgais cosanta iascach.

TÁBLA 2.6 Cosaint Iascaigh na Seirbhíse Cabhlaigh le haghaidh 2008

Náisiúntacht	Féachaint	Bordáil	Rabhaidh	Coinneáil
Éire	1,351	1,021	60	17
An Spáinn	446	389	718	3
An RA	221	188	0	0
An Phortaingéil	1	1	18	0
An Fhrainc	316	272	1	7
An Bheilg	18	14	0	0
An Ghearmáin	5	3	0	0
An Ollainn	19	13	0	0
An Rúis	11	5	0	0
An Iorua	8	8	0	0

TÁBLA 2.6 Cosaint Iascaigh na Seirbhíse Cabhlaigh le haghaidh 2008

Náisiúntacht	Féach-aint	Bordáil	Rabhaidh	Coinneáil
An tSeapáin	1	0	0	0
Oiléain Fharó	4	3	0	0
An Danmhairgg	1	1	0	0
An Liotuáin	2	2	0	0
Iomlán	2,404	1,920	104	27

Patróil Mhara an Aerchóir

Oibríonn an tAerchór dhá aerárthach CASA CN235 mar thacaíocht don iarracht cosanta iascach. Déanann na haerárthaigh fadraoin seo patróil ar fud theorannacha iascach eisiach na hÉireann. Ina theannta sin, úsáidtear aerárthaigh sciatháin seasta eile agus héileacaptair uaireanta chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta cois cladaigh.

TÁBLA 2.7 Patróil Mhara a rinne an tAerchór i 2008

Aerárthach	Patróil	Uaireanta Eitilte	Árthaigh Logáilte	Tráchta
Casa CN235	268	1,566.34	4,195	Amach ón gCósta
Cessna FR172	21	62.42	N/A	Intíre
Eurocopter 135P	9	28.45	N/A	Intíre
Augusta Westland 139	1	4.33	N/A	Intíre
Iomlán	299	1,661.34	4,195	27



Héileacaptar ón Aerchór i mbun Oibríocht CÚS

An tSeirbhís Aeriompair don Aire (SAA)

Soláthraíonn an tAerchór Seirbhís Aeriompair an Aire chun cabhrú leis an Uachtarán agus baill den Rialtas agus iad i mbun a gcuid dualgas oifigiúil sa bhaile agus thar lear. Soláthraítear an tseirbhís seo go príomha ag na haerárthaigh Gulfstream IV agus Learjet 45, a fuarthas chun na críche sin go sonrach. Baintear úsáid as an aerárthach Beech Super King Air 200, a bhaintear úsáid as go príomha anois i ról traenála agus a úsáidtear le haghaidh SAA ó am go chéile, le haghaidh eitiltí inmheánacha go príomha agus le haghaidh cinn scríbe gearraistir na hEorpa.

TÁBLA 2.8 Sonraí an SAA i 2008

Aerárthach	Misin	Am an Aire ar Bhord
Gulfstream IV	72	357.5
Learjet 45	97	248.67
Beechcraft B200	22	73.17
CASA CN235	4	5.58
Augusta Westland 139	25	34.75



TÁBLA 2.8 Sonraí an SAA i 2008

Aerárthach	Misin	Am an Aire ar Bhord
Eurocopter 135P2	21	24.5
Iomlán	241	744.17

Cúnamh don Údarás Sibhialta (CÚS)

I rith 2008 sholáthair Óglaigh na hÉireann cúnamh don údarás sibhialta mar seo a leanas:

SOLÁTHAR OTHARCHAIRR AEIR

Is é atá i Seirbhís Otharcharr Aeir an Aerchóir ná seirbhís aistrithe éigeandála Idir-ospidéal le hothair a aistriú go tapa idir ospidéal nó chuig ospidéal ó oileáin amach ón gcósta áit nach mbíonn an Garda Cóstá ar fáil. Freisin iompraíonn an tseirbhís foirne éigeandála um aisghabháil orgán. Tá soláthar na seirbhíse sin clúdaithe ag téarmaí Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse leis an Roinn Sláinte agus Leanaí.

TÁBLA 2.9 Misin Otharchairr Aeir a rinne an tAerchór i 2008

Aerárthach	Misin (lena n-áirítear Misin um Aisghabháil Orgán)	Uaireanta Eitilte
CASA	21	62.90
Learjet	12	29.17
Beechcraft	10	45.33
Augusta Westland 139	40	105.20
Eurocopter 135P2	4	10.00
Iomlán	87	252.60

CÚNAMH SIBHIALTA

TÁBLA 2.10 Misin Cúnamh Sibhialta a rinne an tAerchór i 2008

Aerárthach	Misin	Uaireanta Eitilte	Trácta
CASA CN235	1	1.50	Rialú Truailithe
AW 139	5	10.50	Cleachtadh Móréigeandála
EC 135 P	1	8.00	Faoiseamh Oileáin
AW139	2	6.92	Suirbhé ar fhiadúlra
Cessna 172	5	20.00	
EC 135P	10	31.17	
Iomlán	24	78.09	

OIBRÍOCHTAÍ CUARDAIGH & TARRTHÁLA AN AERCHÓIR

Ghlac an tAerchór páirt in oibríocht freagra móréigeandála ar Shléibhte Corriebracks, Co. Chill Mhantáin ar 26/27 Deireadh Fómhair 2008 tar éis tuairte marfaí ag aerárthach aon-innill Piper 28. Ba é a bhí i gceist ná an t-aertharlú tosaigh agus comhaltaí pearsanra an Gharda Síochána, Tarrtháil Sléibhte agus comhaltaí pearsanra um Imscrúdú Aerthionóiscí a sholáthar. Ina theannta sin, rinneadh na mairbh a aertharlú go hOspidéal Ginearálta an Náis agus rinneadh an raic a aertharlú chuig láithreán cigireachta an chéad lá eile.



TÁBLA 2.11 Mísín Chuardaigh agus Tarrthála ag an Aerchór i 2008

Aerárthach	Mísín	Uaireanta Eitilte	Tráchtá
CASA CN235	3	7.25	Cuardaigh Agus Tarrtháil.
AW 139	2	5.75	Tarrtháil Sléibhte
EC 135 P	1	1.58	Tarrtháil Sléibhte
Iomlán	6	14.58	

OIBRÍOCHTAÍ CUARDAIGH AGUS TARRTHÁLA NA SEIRBHÍSE CABHLAIGH

Chabhraigh árthaigh na Seirbhíse Cabhlaigh i 16 móroibríocht cuardaigh agus tarrthála i rith 2008. Le Linn na hoibríochtaí sin á stiúradh, sholáthair an tSeirbhís Chabhlaigh raon seirbhísí, a chabhraigh leis an nGarda Cóstá agus leis an Stát a gcuid sainorduithe a chomhlíonadh maidir leis an saol a chosaint ar farraige agus an comhshaol a chosaint. Nuair nach mbíonn siad imscartha ar farraige, coimeádtar árthaigh na Seirbhíse Cabhlaigh ag ardréidhe chun bheith réidh le freagra a thabhairt d'fhreagraí mar thacaíocht d'aonaid chabhlaigh eile ar farraige nó chun tabhairt faoi oibríochtaí de réir mar a theastaíonn.

Oibríochtaí Rannóg Tumadóireachta na Seirbhíse Cabhlaigh

Féadann Rannóg Tumadóireachta na Seirbhíse Cabhlaigh tumadóireacht aeir a dhéanamh suas go 50 méadar. Freisin tá trealamh um chuardach faoin uisce ar fáil dó, lena n-áirítear Feithicil Cianoibrithe a ligeann don rannóg cuardach agus suirbhéireacht a dhéanamh suas go doimhneacht 1000 méadar. Rinne Foireann Tumadóireachta na Seirbhíse Cabhlaigh 88 misean tumadóireachta oibríochta i rith na bliana, a ndearnadh 67 acu don tSeirbhís Chabhlaigh agus 21 le haghaidh ATCU agus CÚS mar atá sonraithe i dTábla 2.13.

TÁBLA 2.12 Oibríochtaí Tumadóireachta na Seirbhíse Cabhlaigh 2008

Oibríochtaí Tumadóireachta NS	Oibríochtaí	Líon laethanta
CCS		
Cuardach le haghaidh ártach/ daoine ar iarraidh	10	30
Tacaíocht d'Aonad Uisce an Gharda Síochána Bá Chnocán na Líne	2	7
Glanadh leapa um longa ar cuairt	1	1
Neamh-CCS		
Deisiúchán Loinge	2	2
Cúnamh do na hÚdaráis Shibhialta	4	9
Cuasán Ath-chomhbhrú (CAC) agus Feithicil Cianoibrithe (FCO)	2	2
Iomlán	21	51



An Príomh-Bhord Iascaigh

Sholáthair an tSeirbhís Chabhlaigh seirbhísí don Phríomh-Bhord Iascaigh in dá réimse:

COSAINT BRADÁN LAISTIGH DE NA FARRAIGÍ TEORANN

I gcomhpháirt lena tiomantas chun iascach mara chomhlíon an tSeirbhís Chabhlaigh ceanglais an Phríomh-Bhoird Iascaigh maidir le Patrólú Bradán. Ba é a bhí i gceist leis an tiomantas ná Oifigigh Boird Réigiúnaigh agus ball den Gharda Síochána a bhadáil ar feadh thart ar 36 lá i 2008. Chun bheith níos éifeachtaí thóg árthaigh na Seirbhíse Cabhlaigh sealanna idir cosaint iascaigh bhradáin agus cosaint iascaigh mhara ag brath ar a dhéine agus a bhí an ghníomhaíocht.

COSAINT IASCAIGH BHRADÁIN AMACH ÓN gCÓSTA

Thug gach ártach Seirbhíse Cabhlaigh tiomantas freisin chun seirbhís cosanta iascaigh a sheachadadh atá dírithe ar iascaigh bhradáin laistigh den cheantar a chosaint lasmuigh den teorainn dhá mhuirmhíle déag.

Soláthar Seirbhísí Searmanais Mhíleata

Leanann Óglaigh na hÉireann orthu ag glacadh páirte i raon leathan de shearmanais mhíleata sa bhaile agus thar lear. Is é atá i gceist le hullmhú ná idirchaidreamh le Ranna Rialtais éagsúla agus rannpháirteachas in imeachtaí idir Imeachtaí Searmanais Stáit, Imeachtaí Cuimhneacháin Náisiúnta, agus Athbhreithnithe an Aire ar Aonaid Óglaigh na hÉireann atá ag taisteal thar lear chuig go leor imeachtaí ag Leibhéal Eagair mar Lá Fhéile Pádraig. Féadann an líon comhaltaí pearsanra atá rannpháirteach bheith éagsúil idir Garda Onórach iomlán le seachtar agus Garda Onórach Captaein iomlán de chéad is seacht nduine.

Cuimhneachán Náisiúnta

I Samhain, leag an tUachtarán, agus an Taoiseach agus an tAire Cosanta in éineacht léi, fleasc ag an Searmanas Tiomnaithe don Chuimhneachán Náisiúnta do chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann a fuair bás agus iad ag seirbhéail an Stáit. Ghlac an tArdseáplíneach i dteannta le comhlachtaí ionadaíocha ó gach Briogáid,



Cuimhneachán Náisiúnta do chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann a fuair bás agus iad ag seirbhéail an Stáit



ATÓÉ, an tAerchór, an tSeirbhís Chabhlaigh agus ó na hÓglaigh Chúltaca páirt sa searmanas.

Scoil Eachaíochta an Airm

Bunaíodh Scoil Eachaíochta an Airm, atá lonnaithe i nDún Mhic Aoidh, Baile Átha Cliath i 1926. Is é an misean atá aici ná capall spóirt na hÉireann a chur chun cinn trí fheabhas a shaothrú i gcomórtas eachaíochta den chéad scoth.

I rith 2008, bhuaigh marcaithe ó Scoil Eachaíochta an Airm cúig cinn déag de chomórtais idirnáisiúnta, agus bhí siad rannpháirteach i seacht bhFoireann Irish Nations Cup i Liospóin (an Phortaingéil), sa Phrág (Poblacht na Seice), i La Baule, (an Fhrainc), Maidrid, (an Spáinn), Rotterdam (an Ollainn), Aachen (an Ghearmáin) agus i Hickstead (Sasana). Buadh comórtais idirnáisiúnta i Tattersalls, La Baule, sa Phrág, i mBarcelona, agus ag an Cavan International áit ar buadh an Grand Prix freisin

Baineadh éachtaí amach in imeachtaí trí-lae idirnáisiúnta i Burnham Market (Sasana), Tyrella, Necarne Castle agus Ballygraffin (Tuaisceart Éireann), Stzergom (an Phollainn), Lignieres (an Fhrainc) Boekelo (An Ollainn), i Hong Cong (an tSín) ag na Cluichí Oilimpeacha agus ag Tattersalls Cluiche Cáilithe don Chorn Domhanda. Chuaigh an Scoil san iomaíocht ag tríocha-cúig seó capall náisiúnta agus áitiúil agus ag deich rian capall náisiúnta ar fud na hÉireann.

Cosaint Shibhialta

Cheap an tAire an Bord Cosanta Sibhialta reatha in Iúil 2008 ar feadh tréimhse 3 bliana go dtí Iúil 2011. Cé gurb é an tAire Cosanta a bhfuil freagracht iomlán air as beartas maidir le Cosaint Shibhialta, is é an Bord atá freagrach as bainistíocht agus forbairt na heagraíochta ag leibhéal náisiúnta.

Déanann an Bord Cosanta Sibhialta a Thuarascáil Bhliantúil féin ar féidir rochtain a fháil uirthi ag www.civildefence.ie



AW139 ar Chleachtas Traenála le Bád Tarrthála RNLÍ



Cuid 3

Síocháin agus Slándáil Idirnáisiúnta





Cuid 3: Síocháin agus Slándáil Idirnáisiúnta

RÉAMHRÁ

Cuspóir ardleibhéal den eagraíocht chosanta ná 'cur le síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a choimeád trí rannpháirteachas in oibríochtaí faofa um thacaíocht síochána, bhainistíocht ghéarchéime agus faoiseamh daonnúil faoi shainordú na NA'

Tá beartas slándála agus cosanta idirnáisiúnta na hÉireann treoraithe ag ár mbeartas de neodracht mhíleata, ár ról gníomhach polaitíochta agus oibriúcháin mar thacaíocht do na NA, ár dtiomantas chun Socruithe Córas Cúltaca na Náisiún Aontaithe (UNSC), ár rannpháirteachas i mBeartas Slándála agus Cosanta na hEorpa (BSCE) atá ag teacht chun cinn (EAPC) agus ár rannpháirteachas sa Chomhpháirtíocht ar son na Síochána (CasnS) de chuid NATO.

Leagann Éire béim lárnach ar na Náisiúin Aontaithe ó chuaigh sé leo i 1955 agus laistigh de chóras na NA, tacaíonn sí le gníomh éifeachtach idirnáisiúnta i réimsí mar dhí-armáil, coimeád na síochána, forbairt agus cearta daonna. Cosnaíonn sí go daingean príomhról na Comhairle Shlándála i síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a choimeád. Caitheann Éire go trom leis an dualgas atá uirthi faoi Chairt na Náisiún Aontaithe fórsaí armtha, cúnamh agus saoráidí a chur ar fáil don Chomhairle Shlándála chun cur le síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a choimeád. Tá sé sin léirithe i rannpháirteachas leanúnach na hÉireann in oibríochtaí síochánaíochta, atá sainordaithe nó údaraithe ag na Náisiúin Aontaithe. Comóradh cothrom 50 bliana ó ghlac Éire páirt ar dtús in Oibríocht Tacaíochta Síochána de chuid na NA.

Ó dheireadh an Chogaidh Fhuair, tháinig athrú mór ar an timpeallacht síochánaíochta agus tá oibríochtaí síochánaíochta éirithe níos mó, níos casta agus níos daingne. Ina theannta sin, bíonn na NA ag brath níos de réir a chéile ar eagraíochtaí agus socruithe réigiúnacha (m.sh. An tAE, AU, NATO srl) chun oibríochtaí a sheoladh agus a bhainistiú ar a son agus faoina húdarás. Fad is atá an timpeallacht sin ag athrú, tá an tAE ag glacadh ról níos mó de réir a chéile laistigh de réimse na slándála idirnáisiúnta trí Bheartas Slándála agus Cosanta na hEorpa (BSCE) a forbairt,

atá leathnaithe faoi Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála (CES) an Aontais Eorpigh.

Cé gurb é an tAire Gnóthaí Eachtracha a bhfuil freagracht iomlán air as beartas slándála idirnáisiúnta, tacaíonn an tAire Cosanta agus an Eagraíocht Chosanta leis an mbeartas sin agus tá a ról sa réimse sin ag dul i méid, go háirithe tríd an bhforbairt leanúnach ar BSCE.

Léiríonn bunú toscaireacht chosanta Coiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) a áiríonn gnéithe sibhialta agus airm i mBuanionadaíocht na hÉireann don AE, imscaradh comhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann laistigh d'Fhoireann Airm an AE, i dteannta lenár rannpháirteachas in oibríochtaí sibhialta agus míleata a bhfuil an tAE i gceannas orthu ról méadaitheach na Cosanta i réimse na Síochána agus Slándála Idirnáisiúnta. Freisin imscartar eilimintí sibhialta agus míleata ón Roinn Cosanta chuig Oifig Idirchaidrimh CasnS na hÉireann i NATO, i dteannta le comhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann atá ag seirbheáil i gCeanncheathrú na NA i Nua-Eabhrac, Ceanncheathrú NATO sa Bhruiséil agus san Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhar sa Vín

Beartas Slándála agus Cosanta na hEorpa (BSCE)

Tá BSCE ina chuid lárnach den CES, a chuimsíonn oibleagáidí idirnáisiúnta an AE chun síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a choimeád. Tarlaíonn rannpháirteachas san AE laistigh de chreat thiomantas na hÉireann chun príomhacht na Náisiún Aontaithe i síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a choimeád. Ar bhunús fhorálacha na Conartha ar Aontas Eorpach, leanann an Roinn agus Óglaigh na hÉireann orthu ag glacadh páirte i bhforbairt leanúnach chumais airm agus bainistíochta géarchéime sibhialta an Aontais Eorpigh faoi BSCE. Oibríonn foireann Chosanta go réamhghníomhach sa réimse seo i gcomhpháirtíocht le comhleacaithe ón Roinn Gnóthaí Eachtracha.

Ní leagann rannpháirteachas i BSCE aon oibleagáid ar bhallstát chun páirt a ghlacadh in aon oibríocht AE. Tá imscaradh trúpaí agus comhaltaí pearsanra agus



an tiomantas chun bheith rannpháirteach ó thaobh airgeadais de rogha gach ballstáit amháin, agus déantar é a shocrú de réir a bpróiseas cinnteoireachta náisiúnta féin. Ina theannta sin, déantar cinntí i réimse na Cosanta ar bhunús aontoilochta agus ní féidir aon oibríocht a chur i bhfeidhm gan cead aontoilíoch a fháil ó gach ballstát.

Forbairt Chumais an Aontais Eorpaigh

I 2008, lean Éire uirthi ag cur le forbairt BSCE trí pháirt a ghlacadh i bpróisis chun feabhas a chur ar chumas an AE Oibríochtaí Bainistíochta Géarchéime a dhéanamh. Áiríonn an rannpháirteachas sin i bhforbairt inniúlachtaí tairiscint pailéad fórsaí ag Éirinn i 2006 (Tábla 3.1), ar féidir a chur ar fáil le haghaidh Oibríochtaí Bainistíochta Géarchéime trí Chuspóir Ceannlíne 2010. Eascraíonn rannpháirteachas na hÉireann sa Chuspóir Ceannlíne as ár dtiomantas reatha de 850 comhalta pearsanra chun Córas Socruithe Cúlta na Náisiún Aontaithe. Bhain trí chumas nua ón bpailéad fórsaí amach stádas gníomhach ar 1 Eanáir 2008, agus ar an mbealach sin méadaíodh an raon agus an líon aonaid Óglaigh na hÉireann a bhí ar fáil le haghaidh na n-oibríochtaí tacaíochta síochána idirnáisiúnta go léir. Ba iad na haonaid sin ná:

- Ceanncheathrú Cathlín Loighistice de 50 comhalta pearsanra
- Aonad Díthruaillíochta CBRN de 30 comhalta pearsanra
- Foireann EOD/OPSD (Cumas Ceimiceach, Bitheolaíoch, Raideolaíoch, Núicléach) de 5 comhaltaí pearsanra.

I rith 2008, rinneadh pleanáil agus ullmhú chun aonad taiscéalaíochta ardréidhe de 80 comhalta pearsanra a ullmhú. Bainfidh an t-aonad sin stádas gníomhach amach i 2008.

IChun plé le forbairtí cumais tar éis 2010, i nDeireadh Fómhair 2006 thug Bord Stiúrtha na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (GEC) tacaíocht d'Fhí Fhadtéarmach Thosaigh (FFT) le haghaidh riachtanais

TÁBLA 3.1 Rannpháirteachas Óglaigh na hÉireann – Cuspóir Ceannlíne an AE 2010¹

Aonad	Dlite 01 Eanáir	Comhaltaí Pearsanra	Réidhe ²	Briogáid
Ceanncheathrú Cathlín Loighistice	2008	50	H	Céad Bhriogáid an Deiscirt
Aonad Díthruaillíochta CBRN ³	2008	30	H	Dara Briogáid an Oirthir
Foireann DOP/OPSD ⁵ (CBRN)	2008	5	H	Dara Briogáid an Oirthir
Aonad Taiscéalaíochta	2009	80	V	ATÓÉ
Ceanncheathrú Briogáid Coisithe	2010	150	H	Ceathrú Briogáid an Iarthair
Cathlín Coisithe Éadroime le I Chomplacht Coisithe		750	H	Lead Brigade
Le complacht cosithe amháin			V	
Meánlastas Pailéad Trucaile		60	H	ATÓÉ

¹Freisin soláthraíonn an Tábla do theaglamaí éagsúla aonaid suas go huastiomantas de 850.

²Déantar Staideanna Réidhe a thomhas i Laethanta : An-ard 1-20, Ard 21-60; Measartha 61-90 Lá.

³CBRN: Ceimiceach, Bitheolaíoch, Raideolaíoch agus Núicléach.



TÁBLA 3.1 Rannpháirteachas Óglaigh na hÉireann – CUSPÓIR CEANNLÍNE AN AE 2010¹

Aonad	Dlite 01 Eanáir	Comhaltaí Pearsanra	Réidhe ²	Briogáid
Aonad Fórsaí Sainoibríochta		40	V	SFA
Aonad Díthruaillithe CBRN		60	H	ATÓÉ
Grúpa CIMIC ⁴		30	H	Céad Bhriogáid an Deiscirt
Eilimintí Oirbheartaíochta CIMIC		25	H	Céad Bhriogáid an Deiscirt
Foireann EOD/IEDD ⁵		5	H	Dara Briogáid an Oirthir
Bataire Airtléire Machaire		80	H	2 E Dara Briogáid an Oirthir
Foireann Breathadóireachta Míleata		12	V	Ceathrú Briogáid an Iarthair
Foireann Taiscéalaíochta Idirchaidrimh Oibríochtaí		10	V	Ceathrú Briogáid an Iarthair
Oifig Propast-Mharascal an Airm		10	V	Ceathrú Briogáid an Iarthair

⁴ CIMIC: Comhoibriú Sibhialta-Míleata

⁵ DOP/OPSD: Diúscairt Ordánas Pléascach/Ordánais Phléascacha Seiftithe & Diúscairt

TÁBLA 3.1 Rannpháirteachas Óglaigh na hÉireann – CUSPÓIR CEANNLÍNE AN AE 2010¹

Aonad	Dlite 01 Eanáir	Comhaltaí Pearsanra	Réidhe ²	Briogáid
Díorma Póilíní Airm		10	H	Céad Bhriogáid an Deiscirt
Aonad Oibríochtaí Meán		6	H	Dara Briogáid an Oirthir

Inniúlachtaí agus Cosanta na hEorpa. Breathnaíonn an doiciméad FFT ar an staid Slándála Domhanda agus ar a tionchar ar shlándáil idirnáisiúnta suas go 2025. In Iúil 2008, thug an GEC an Plean Forbartha Cumais (PFC) faoi deara. Leanann an PFC ar aghaidh ón FFT, agus leag sé amach an chineál cumas a bheadh ag teastáil chun dul i ngleic leis na hathruithe ar an timpeallacht slándála agus cosanta don BSCE amach anseo.

Eilimintí Mearfhreagartha (Cathghrúpaí)

Eilimint lárnach den Chuspóir Ceannlíne ná an cumas fórsaí a imscaradh ag ardréidhe, bunaithe go leathan ar choincheap na nCathghrúpaí. Ó 1 Eanáir 2007, tá dhá Chathghrúpa ar fuireachas i gcónaí ag an AE. Is é cuspóir na gCathghrúpaí sin ná leibhéal an-tapa freagartha a sholáthar do ghéarchéimeanna idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn, ag ligean don AE idirghabháil a dhéanamh le linn na gcéimeanna luatha rithabhachtacha.

An Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC)

Chuaigh Éire isteach san GEC nuair a bunaíodh í i 2004. Is é an tArd-Rúnaí/Ard-Ionadaí le haghaidh BSCE a dhéanann ceannaireacht ar an nGníomhaireacht. Baintear obair na Gníomhaireachta amach trí Bhord Stiúrtha atá comhdhéanta d’Airí Cosanta AE na mBallstát rannpháirteach. Ar bhonn laethúil, déantar ionadaíocht don Aire san GEC ag oifigigh óna Roinn. Freisin glacann comhaltaí pearsanra ón Roinn agus ó Óglaigh na hÉireann páirt i bhFoirne Forbartha



Comhtháite (FFC), Foirne Tionscadail (FT) an GEC agus i réimse an Phlean Forbartha Cumas (PFC).

Is iad príomhaidhmeanna an GEC ná tacú le Ballstáit i réimse na forbartha cumas, tacú le níos mó éifeachtúlachta agus iomaíochais i margadh trealamh cosanta na hEorpa agus tacú le hinfheistíocht i dtaighde agus teicneolaíocht (T&T) chosanta agus shlándála agus iad a fheabhsú. Freisin glacann Éire páirt sa *Code of Best Practice in the Supply Chain*, atá deartha chun conarthaí cosanta Idirthionscail a oscailt.

Tá Éire rannpháirteach i gComhthionscadal Taighde agus Teicneolaíochta an GEC ar Chosaint Fórsaí a seoladh ar 1 Eanáir 2007. Tionscadal leathan atá sa Chlár Cosanta Fórsa, a bhfuil sé mar aidhm aige feabhas a chur ar shábháilteacht oibríochtaí imscartha trí theagasc feabhsaithe, dea-chleachtas agus teicneolaíochtaí nua. Tá Cosaint Fórsa ina ábhar machnaimh rithábhachtach i bpleanáil agus soláthar cosanta, agus i ngach oibríocht mhíleata.

Freisin tacaíonn Éire le hobair na Gníomhaireachta i bhforbairt cumas, T&T agus tionscnaimh mhargaidh laistigh de chreat BSCE agus na forálacha conartha ábhartha.

Comhoibriú le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta

Tá forbairt mhór tagtha ar chomhoibriú idir an tAE agus gníomhairí idirnáisiúnta eile, an NA ach go háirithe, i réimse na bainistíochta géarchéime. Leanann Éire uirthi ag déanamh forbairt leanúnach comhoibríthe AE-NA a spreagadh agus a chur chun cinn maidir le gníomh daonnúil, bainistíocht ghéarchéime, síochánaíocht agus cosaint coinbhleachta, agus béim faoi leith ar ghníomh an AE mar thacaíocht d'oibríochtaí na NA.

Tar éis an Dearbhú ar Chomhoibriú AE-NA ar Bhainistíocht Ghéarchéime i Meán Fómhair 2003, tá caidreamhláidirannfósidirantAE agus na NA. Bunaíodh oifig idirchaidrimh mhíleata i gCeanncheathrú na NA i Nua-Eabhrac i Samhain 2005 chun feabhas a chur ar chomhoibriú oibríochta idir an dá eagraíocht. Bhí an oifig comhdhéanta de bhaill foirne ó réimsí éagsúla d'Ard-Rúnaíocht na Comhairle agus bhí Oifigeach

Éireannach mar oifigeach idirchaidrimh mhíleata don Roinn Oibríochtaí Síochánaíochta sa NA (ROS) go dtí Samhain 2008. Bíonn cruinnithe rialta ar siúl fós idir ionadaithe ón dá eagraíocht.

Lean an tAE agus NATO orthu ag déanamh forbartha ar a gcomhpháirtíocht straitéiseach i mbainistíocht ghéarchéime agus comhoibriú ag leibhéal oibríocháin ach go háirithe sna Balcáin agus san Afganastáin.

Comhpháirtíocht ar son na Síochána (CasnS)

Chuaigh Éire isteach i gComhpháirtíocht ar son na Síochána NATO i Nollaig 1999. Díríonn comhoibriú ach go háirithe ar obair a bhaineann le cosaint, lena n-áirítear leasú cosanta, beartas agus pleanáil chosanta, caidreamh sibhialta-míleata, oideachas agus traenáil, bainistíocht ghéarchéime agus pleanáil éigeandála sibhialta. Is í gné bhunúsach an chlár CasnS ná comhpháirtíocht a dhéantar ar bhunús aonair idir gach tír comhpháirtí agus NATO, atá curtha in oiriúint do riachtanais aonair agus a chuirtear i bhfeidhm ag an leibhéal agus an luas a roghnaíonn gach rialtas rannpháirteach.

Críochnaíodh ochtú Clár Comhpháirtíochta Aonair (CSA) na hÉireann, a chlúdaíonn an tréimhse 2008-2009, i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha, an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Roinn Sláinte agus Leanaí, agus an Roinn Cumarsáidí, Mara agus Acmhainní Nádurtha.

I 2008, chuir Óglaigh na hÉireann agus an Roinn a CCA i bhfeidhm, a bhí comhdhéanta de 95 imeacht faofa ar fhreastail Óglaigh na hÉireann orthu. Éascaíonn na himeachtaí sin baint amach Cuspóirí Comhpháirtíochta Óglaigh na hÉireann agus cinntíonn siad go bhféadann Óglaigh na hÉireann dea-chleachtas idirnáisiúnta a chuimsiú ina theagasc agus nósanna imeachta caighdeánacha oibríocháin um Oibríochtaí Tacaíochta Síochána (OTS). D'fhreastail náisiúin eile ar chúrsaí Óglaigh na hÉireann a cuireadh ar fáil mar chuid de rannpháirteachas na hÉireann i gClár Oibre na Comhpháirtíochta.



Cosúil le Ballstáit neodracha eile den AE atá ina mbaill de CasnS, glacann Éire páirt i meicníocht an Phróiseas Pleanála agus Athbhreithnithe. Dírítear rannpháirteachas na hÉireann i PARP ar chomh-inoibritheacht a fheabhsú ionas go bhféadann comhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann oibriú go héifeachtúil agus go héifeachtach i dtimpeallacht ilnáisiúnta. I 2008, chríochnaigh an Roinn agus Óglaigh na hÉireann Suirbhé ar Chomh-inoibritheacht iomlán laistigh de chomhthéacs an PARP, a dhéanfar a mheasúnú i 2009.

An Eagraíocht um Shlándaíl agus Chomhar san Eoraip (ESCE)

Is éan ESCE an eagraíocht shlándaála réigiúnach is mó sa domhan. Feidhmíonn sí faoi Chairt VIII de na Náisiún Aontaithe. Príomhionstraim do rabhadh luath, cosc ar choinbhleacht, bainistíocht ghéarchéime agus athshlánú iarchoinbhleachta atá inti. Tá cur chuige uathúil cuimsitheach aici i dtreo na slándaála agus pléann sí le trí ghné de shlándaíl: an ghné dhaonna, an ghné pholaitiúil-airm agus an ghné eacnamaíochta-timpeallachta.

Imscarthaí Thar Lear ar Oibríochtaí Síochánaíochta

Lean Óglaigh na hÉireann orthu ag cur go mór le síochánaíocht idirnáisiúnta i 2008 trína rannpháirteachas in OTS thar lear. Leanann próifíl an choimeádóra síochána Éireannaigh ag forbairt. Le roinnt blianta anuas, d'aistrigh Óglaigh na hÉireann ó rannpháirteachas i misin síochánaíochta de chineál Caibidil VI Chairt na NA go haonaid armúrtha cosanta an-soghluaiste a imscaradh le haghaidh misin forfheidhmiúcháin síochána Caibidil VII mar thacaíocht d'oibríochtaí faoi shainordú na NA. I réimse na loighistice, aistríodh ón mbrath traidisiúnta ar thacaíocht na NA d'Óglaigh na hÉireann, go haonaid féinchothaithe a imscaradh chuig láithreáin páirce glaise. Léiríonn na forbairtí seo an méadú ar chumas Óglaigh na hÉireann cur go héifeachtach le OTS idirnáisiúnta.

Agus oibríochtaí den sórt sin á bpleanáil agus ag tacú leo, tá comh-rannpháirteachas Óglaigh na hÉireann agus baill foirne na Roinne in oibríochtaí féideartha a

athbhreithniú, pleanáil uainíochta, pleanáil soláthair agus traenáil ina ngnéithe riachtanacha de na himscarthaí a bhainistiú go héifeachtach. Oibríonn an Roinn agus Óglaigh na hÉireann i dlúthpháirt lena chéile, chun cinntiú go n-uasmhéadaítear na roghanna atá ar fáil don Rialtas lena chuid oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh chun cuspóirí beartais eachtraigh na hÉireann a chur ar aghaidh.

I rith 2008, imscaradh 1,574 comhalta de na Buan-Óglaigh chuig misin éagsúla lenar áiríodh postuithe sna NA, san AE, san ESCE agus i CasnS/NATO. Tugann Tábla 3.2 an miondealú de réir na gcatagóirí Misin ar 1 Eanáir 2008 agus ar 31 Nollaig 2008.

Leanann Óglaigh na hÉireann orthu ag imscaradh comhaltaí pearsanra chuig OTS faoi shainordú na NA sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin agus chuig an misean faoi cheannas NATO sa Chosaiv. I 2008 thug Óglaigh na hÉireann faoi cheann de na hoibríochtaí tacaíochta síochána ba dhúshlánaí a bhí acu go dtí seo, nuair a imscaradh cathlán faoi cheannas na hÉireann chuig Oibríocht EUFOR i Sead agus Poblacht na hAfraice Láir. Sna staidéanna sin, bíonn ar Óglaigh na hÉireann díriú ar ghnéithe nua i gcónaí chun cinntiú go bhforbraíonn agus go gcoimeádann siad na cumais riachtanacha. Ní mór dóibh caighdeáin idirnáisiúnta an lae atá inniu ann a chomhlíonadh chun inchreidteacht a choimeád sa chomhthéacs idirnáisiúnta agus chun comh-inoibritheacht leanúnach le fórsaí eile a choimeád.

Lean Oifigigh Fhoirne agus Breathnadóirí Míleata orthu ag glacadh páirt luachmhar in OTS i dtíortha agus réigiúin mar an Afganastáin, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, an Cósta Eabhair, an tSahára Thiar, an Meán-Oirthear agus ar fud na mBalcán ag seirbheáil sna Náisiúin Aontaithe agus i misin faoi cheannas na hEagraíochta um Shlándaíl agus Chomhair (ESCE) san Eoraip.

Freisin seirbheálann comhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann i bhfoirne míleata an AE agus NATO/CasnS sa Bhruiséil agus leis an ESCE sa Vín, áit a bhfuil poist éagsúla acu.



An Roinn Cosanta

Déantar ceathrar baill foirne ón Roinn Cosanta a imscaradh chuig an toscaireacht AE PSC agus déantar triúir a imscaradh chuig oifig idirchaidrimh NATO/CasnS sa Bhruiséil. I rith 2008 tugadh ball foirne amháin ón Roinn Cosanta ar iasacht do Mhisean Riail Dlí an AE sa Chosaiv. Ina theannta sin, i rith 2008 rinneadh beirt bhall foirne a bhí ar iasacht ón Roinn Gnóthaí Eachtracha a imscaradh mar chomhairleoirí polaitiúla do Cheannasaí an Tascfhórsa Ilnáisiúnta Lárnáigh KFOR sa Chosaiv agus don Cheannasaí Oibríochtaí do EUFOR Chad/CAR.

TÁBLA 3.2 Postuithe na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann Thar Lear– 2008

Misean	01 Eanáir 2008	31 Nollaig 2008
<i>Oibríochtaí Síochánaíochta faoi Cheannas na NA</i>		
Ceanncheathrú Fórsa UNMIL (FHQ)	1	0
UNTSO (An Meán-Oirthear)	14	12
MINURSO (An tSahára Thiar)	3	3
MONUC (Poblacht Dhaonlathach an Chongó)	3	3
ONUCI (Cote d'Ivoire)	1	2
UNMIK (An Chosaiv)	4	4
UNIFIL HQ (An Liobáin)	7	6
UNNY (Nua-Eabhrac)	1	1
Iomlán (Na NA)	34	31
<i>Oibríochtaí Bainistíochta Géarchéime faoi Cheannas an AE</i>		
EUFOR (An Bhoisnia & an Heirseagavéin)	40	43

TÁBLA 3.2 Postuithe na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann Thar Lear– 2008

Misean	01 Eanáir 2008	31 Nollaig 2008
EU OHQ OP ALTHEA (An Bheilg)	1	1
EUMM (Na Balcáin)	5	0
EUFOR (Tchad/RCA) OHQ & FHQ	18	41
EUFOR (Tchad/RCA)	0	384
DITF (An tSúdáin)	3	0
NORDIC BG (An tSualainn & an RA)	12	0
EUMS (An Bheilg)	7	6
EUMS MLO UNNY	1	0
BSCE/PSC (An Bhruiséil)*	8	8
Iomlán (An tAE)	95	483
<i>Oibríochtaí Tacaíochta Síochána faoi cheannas NATO/CasnS</i>		
KFOR (An Chosaiv)	279	233
ISAF (An Afganastáin)	7	7
Baill Foirne NATO/CasnS (An Bheilg)*	6	6
Iomlán NATO/CasnS	292	246
<i>Oibríochtaí Faoi Cheannas ESCE</i>		
Iomlán ESCE	7	6
Iomlán Comhaltaí Pearsanra Thar Lear	428	766

* Déantar baill foirne Sibhialta agus Míleata ón Roinn Cosanta a imscaradh chuig oifigí ESDP/PSC agus NATO/CasnS sa Bhruiséil.



Fórsa an Aontaigh Eorpaigh (EUFOR) Sead agus Poblacht na hAfraice Láir

Le Rún 1778 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (2007) tugadh cead Misean NA a bhunú i bPoblacht na hAfraice Láir agus Sead (MINURCAT). Thug an rún sin údarás chun EUFOR Tchad/RCA a imscaradh sna tíortha sin, mar oibríocht idirlinne sula mbunófaí an eilimint mhíleata de in MINURCAT, agus ar feadh tréimhse aon bhliana amháin ó dhearbhfófaí Cumas Tosaigh Oibríochta, rud a baineadh amach ar 15 Márta 2008.

I nDeireadh Fómhair 2007, ghlac an Leifteanant-Ghinearál Pat Nash, Iar-Leas-Cheann Foirne (Oibríochtaí), leis an bpost mar Cheannasaí Oibríochta ar EUFOR Tchad/RCA. Tugann an ceapachán mór le rá sin aitheantas praiticiúil agus inbhraite do sheasamh Óglaigh na hÉireann i réimse na n-oibríochtaí tacaíochta síochána.

Imscaradh Sciathán Fiannóglaigh an Airm chuig Sead in Eanáir agus Feabhra 2008 mar chuid de Thascghrúpa Speisialta an Fhórsa Iontrála Tosaigh náisiúnta. Ina dhiaidh sin, rinneadh imscaradh iomlán i mBealtaine agus Meitheamh. Ba é an t-imscaradh shócmhainní Óglaigh na hÉireann, idir comhaltaí pearsanra agus sócmhainní ábhartha, go láthair oibríochtaí 4,500 km ó bhaile an dúshlán ba chuimsithí ó thaobh loighistice de i stair imscarthaí Óglaigh na hÉireann thar lear. Freisin bhí dúshlán breise ag baint le sócmhainní pearsanra agus ábhartha ó chathlán comhpháirtí a bhogadh ón Ísiltír. Bhí 665 comhalta pearsanra, 294 coimeádán agus 4,255 tonna de lastas i gceist ansin. Is é an fad ón bPort Mara Díbhordála chuig an ionad oibríochtaí ná thart ar 2,700 km, ag trasnú dhá thír Afracacha. Rinneadh an oibríocht loighistice sin níos casta fós de bharr bonneagar fíor-teoranta sa réimse oibríochtaí. Rinne Óglaigh na hÉireann castacht na hoibríochta loighistice agus an dúshlán a bhain leis an imscaradh a choimeád, a láimhseáil go rathúil.

Fórsa an Aontais Eorpaigh (EUFOR) – An Bhoisnia agus an Heirseagavéin (BiH)

I rith 2008, lean EUFOR air ag maoirsiú agus chuir sé foirne idirchaidrimh agus breathnadóireachta feasacht staide ar fáil. Tá feabhas tagtha ar an staid

slándála in BiH agus tá cumas na n-údarás áitiúil déileáil le bagairtí don timpeallacht shábháilte agus shlán feabhsaithe. Choimeád Óglaigh na hÉireann a tiomantas de 44 comhalta pearsanra don mhisean seo. Seirbheálann na comhaltaí pearsanra sin mar fhoireann Ceanncheathrún Fórsa, ar fhoirne fíoraithe, laistigh den aonad póilíní airm agus in eilimint tacaíochta náisiúnta.

Fórsa na Cosaive (KFOR)

Leanann Éire uirthi ag cur leis na hoibríochtaí tacaíochta síochána sa Chosaiv (KFOR) atá údaraithe ag na NA agus atá faoi threoir NATO. Seirbheálann 218 comhalta pearsanra, atá ina nGrúpa Complachta Coisithe mar chuid de Thascfhórsa Innáisiúnta le KFOR. Seirbheálann aon chomhalta pearsanra déag i gCeanncheathrú KFOR. Ar 1 Lúnasa 2007, ghlac Éire leis an ról mar náisiún ceannais le haghaidh Ionad an Tascfhórsa Innáisiúnta (MNTF (C)) i KFOR ar feadh dhá mhí déag go dtí 31 Iúil 2008. Ghlac an Briogáidire-Ghinearál Gerry Hegarty as Óglaigh na hÉireann le ceannas ar an MNTF (C) nuair a ghlac Éire le ról mar Chreatnáisiún (CN), agus í i gceannas ar 1,800 trúpa as sé náisiún. Ba iad na tíortha eile a thug trúpaí go MNTF(C) ná an tSualainn, an Fhionlainn, an tSlováic, an Laitvia agus Poblacht na Seice. Ba í sin an chéad uair a ghlac Éire páirt ag an leibhéal sin in OTS innáisiúnta faoi cheannas CasnS. Ina theannta sin, rinne Éire comhairleoir polaitiúil sibhialta a imscaradh chun tacaíocht a thabhairt do cheannasaí an Tascfhórsa.

An Cathghrúpa Nordach (NBG)

I 2008, ghlac Éire páirt sa Chathghrúpa Nordach faoi cheannas na Sualainne (NBG), a bhí ar fuireachas ar feadh sé mhíosa ag tosú 1 Eanáir 2008 agus ag críochnú ar 30 Meitheamh 2008. Ba iad na rannpháirtithe eile sa NBG ná an Eastóin, an Fhionlainn agus an Iorua. Dearadh rannpháirteachas na hÉireann sa NBG a bhfuil 2,700 comhalta ann chun rannpháirteachas eile na hÉireann do Bheartas Slándála agus Cosanta na hEorpa (BSCE) a chomhlánú; tá sé sin comhdhéanta d'eilimintí ardoilte ag leibhéal arda réidhe a fhéadann cur le oibríochtaí bainistíochta géarchéime mearfhreagartha an AE ar scála mór. Tá cathghrúpaí, mar choincheap, ceaptha le himscaradh le haghaidh oibríochtaí laistigh den láthair oibríochtaí



faoi 10 lá tar éis cinneadh an oibríocht a sheoladh ar a dhéanaí.

Bhí rannpháirteachas na hÉireann comhdhéanta de ghné Diúscairt Ordánas Pléascach/ Diúscairt Feistí Pléascacha Seiftithe (EOD/IEDD) lena ghné slándála féin i dteannta le poist fhoirne sa Cheanncheathrú Oibríúcháin (CCO) agus sa Cheanncheathrú Fórsa (FHQ). D'fhan 100 comhalta pearsanra ó Óglaigh na hÉireann agus a gcuid trealamh agus feithiclí ar glao-dhualgas in Éirinn le himscaradh go tapa le linn na tréimhse fuireachais. Imscaradh 12 comhalta pearsanra ag an OHQ agus FHQ le linn na tréimhse sin.

Misean Eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL)

Leanann Óglaigh na hÉireann ar aghaidh lena láithreach in UNIFIL le cathlán beag foirne sna cealla rithábachtacha Ceanncheathrún. Líon ceathrar oifigigh agus triúir ONC ceapacháin lárnacha fhoirne sa Cheanncheathrú Fórsa i Naqoura.

Fórsa Cúnaimh Slándála Idirnáisiúnta (ISAF) – An Afganastáin

Irith 2008, lean seachtar comhaltaí pearsanra ó Óglaigh na hÉireann orthu ag seirbheáil san Afganastáin mar chuid den Fhórsa Cúnaimh Slándála Idirnáisiúnta.

An Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhar san Eoraip (ESCE)

Rinneadh ochtar oifigigh a imscaradh leis an eagraíocht san Ostair, sa Bhoisnia-Heirseagaivéin, sa tSeirbia, sa tSeoirsia, agus sa Mhacadóin i rith 2008.

Obair Dhaonnúil Óglaigh na hÉireann

Déantar aonaid thar lear a imscaradh chuig cuid de na ceantair is boichte agus is mó atá scriosta ag an gcogadh sa domhan. Mar chuid dá rannpháirteachas le pobail áitiúla, tógann Óglaigh na hÉireann faoi roinnt tionscadal daonnúil agus tacaíochta pobail le maoiniú a sholáthraíonn Cúnamh Éireann. I rith 2008, faoi chomhaontú foirmiúil idir an Roinn Cosanta agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha, lean aonaid thar lear orthu ag tacú le raon de thionscadail daonnúla ceadaithe sa Chosaiv.

I rith na bliana, sholáthair Cúnamh Éireann maoiniú €43,380 do cheithre thionscadal daonnúla faofa sa réimse Éireannach d'oibríochtaí. Idteannta le tionscadail Cúnamh Éireann, d'ardaigh trúpaí Éireannacha a bhí ag seirbheáil in KFOR thart ar €20,000 a úsáideadh chun tacú le tionscadail dhaonnúla eile ina réimse oibríochtaí.

TÁBLA 3.3 Tionscadail Cúnamh Éireann a Chuir Óglaigh na hÉireann i gCríoch sa Chosaiv

	Maoiniú	Dáta a Osclaíodh
Scoil Janjevo	€4,000.00	2 Meithimh 2008
Scoil Peshter	€12,380.00	16 Iúil 2008
Ionad Sláinte Janjevo	€11,000.00	23 Iúil 2008
Scoil Petrovic	€16,000.00	24 Mean Fómhair 2008
Iomlán	€43,380.00	

Ullmhú i gComhair Misean agus Cleachtaí Réidhe Misin

Bunaítear ullmhúcháin i gcomhair aonaid a sholáthar thar lear fós ar choincheap 'Briogáid Ceannais' Óglaigh na hÉireann áit a mbíonn freagracht ar Bhriogáidí sannaithe (Soir, Theas nó Thiar) faoi seach as aonad a ullmhú agus a sholáthar le haghaidh seirbhíse thar lear. Is í gnáth-thréimhse fuireachais na briogáide na sé mhí, a bhíonn ar siúl ag an am céanna leis an tréimhse imscartha thar lear. Ach mar gheall ar an timpeallacht chrua i Sead agus CAR, laghdaíodh imscaradh chuig an misean seo go 4 mhí agus rinneadh tréimhse Fuireachais na Briogáide Ceannais a laghdú dá réir.

I rith 2008, fuarthas arís gur uirlis oibríúcháin éifeachtach a bhí i gcoincheap na Briogáide Ceannais chun imscarthaí trúpaí a fhorbairt chun tiomantais an Rialtais chun UNSAS, Cuspóir Ceannlíne an AE agus Comhpháirtíochta ar son na Síochána a chomhlíonadh.



Freisin féadann an Rialtas treorú d'Óglaigh na hÉireann oibríochtaí aslonnaithe agus/nó daonnúla a dhéanamh mar thoradh ar thubaiste thobann nádúrtha nó bagairt atá ag dul i méid. Éascaíonn coincheap na Briogáide Ceannais cumas réidhe an-ard atá ar fáil d'Óglaigh na hÉireann chun freagra a thabhairt i staideanna den sórt sin. Ullmhaíonn agus traenálann an Briogáid Ceannais an t-aonad i gcomhair imscartha faoi chlár a d'fhorbair an Stiúrthóir ar Thraenáil Óglaigh na hÉireann. Tarlaíonn traenáil i gceithre chéim agus déantar an ceathrú céim sa cheantar misin. Is í céim a haon ná daoine aonair a ullmhú agus a riar. Cuimsíonn céim a dó traenáil athnuachana agus traenáil leanúna. Freisin soláthraíonn sí traenáil sna scileanna breise a theastaíonn d'aon mhisean faoi leith, lena n-áirítear modúil ar fheasacht chultúrtha agus traenáil ar chearta daonna. Ina dhiaidh sin déantar Cleachtadh Réidhe Misean (CRM) réamh-imscartha a áiríonn traenáil Foirne Cathlín leis an insamhlóir Ceannais & Foirne, druileanna agus scileanna oirbheartaíochta a chleachtar i gCleachtaí Traenáil Staide (CTS) réamh-imscartha. Freisin críochnóidh an tAonad Traenáil Oirbheartaíochta Lámhaigh Bheo agus Ionaclú Catha.

Comh-inoibritheacht um Oibríochtaí Tacaíochta Síochána

Tá an cumas oibriú go héifeachtach agus go héifeachtúil le fórsaí armtha eile ina fhachtóir ríthábhachtach chun go n-éireodh le misin thar lear. Tá comh-inoibritheacht le tíortha eile a thugann trúpaí in OTS ina gné lárnach i dtraenáil Óglaigh na hÉireann. Tá sé riachtanach go bhfanadh Óglaigh na hÉireann ar a n-eolas faoi dhea-chleachtas idirnáisiúnta le haghaidh OTS agus go gcoimeádfadh siad suas le dáta le forbairtí agus teicneolaíochtaí nua-aimseartha trí rannpháirteachas i gcúrsaí thar lear, seimineáir idirnáisiúnta agus cleachtaí ríomhaire agus deisce. Bíonn taithí den sórt sin tábhachtach toisc go dtugann siad bailíochtú ó amuigh ar ár gcumas oibriú i suíomh ilnáisiúnta. Tá rannpháirteachas Óglaigh na hÉireann dírithe ar bhainistíocht ghéarchéime, fóirithint anachaine agus tacaíocht síochána. Ansin cuimsítear teagasc agus nósanna imeachta ábhartha in oideachas agus traenáil Óglaigh na hÉireann ag leibhéal straitéiseach, oibriúcháin agus oirbheartaíochta.

Scoil Traenála na Náisiún Aontaithe in Éirinn (UNTSI)

Is é a dhéanann UNTSI, ionad traenála síochánaíochta laistigh de Choláiste an Airm, ná teagasc a fhorbairt agus cúrsaí agus seimineáir a stiúradh ar chearta daonna, feasacht chultúrtha, agus traenáil cheannaireachta chun comhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann a ullmhú sula seirbheálann siad thar lear. Freisin soláthraíonn sí traenáil ar fheasacht slándála don Chór Mearfhreagartha (An Roinn Gnóthaí Eachtracha). I dteannta le cúrsaí agus seimineáir a stiúradh, glacann UNTSI le baill den Chór Taidhleoireachta, daoine acadúla Éireannacha agus eachtracha agus Attaches Cosanta atá creidiúnaithe d'Éirinn, oibreoirí cúnaimh agus baill den chór preas agus tugann sí coimirí dóibh. Tá clár leanúnach de mhalartú teagascóirí ar siúl ag UNTSI le hIonaid Traenála na NA agus Tacaíochta Síochána Idirnáisiúnta, ag cinntiú sa bhealach sin go mbíonn teagasc suas le dáta agus go leanann sé dea-chleachtas.

Cleachtaí agus Traenáil Idirnáisiúnta

CLEACTADH VIKING 08

Bhí Cleachtadh Viking 08 ar siúl in Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann ó 3 Samhain go 14 Samhain 2008 agus ba é an 5ú cleachtadh i sraith de chomhchleachtaí móra sibhialta-míleata a d'éagair agus a bhainistigh an tSualainn. Ba é a bhí i Viking 08 ná Cleachtadh Poist Ceannais / Ríomhchuidithe a chiallaigh, go bunúsach, ná nach raibh aon comhaltaí pearsanra míleata imscartha ar an talamh. Mar cheann de na tíortha óstála ghlac Óglaigh na hÉireann páirt ag leibhéal Ceanncheathrú Briogáide agus bhí oifigigh fhoirne bhreise lonnaithe ag Ceanncheathrú an Chleachta sa tSualainn. Thug an cleachtadh deis um chomhoibriú agus chomhordú idir aonaid mhíleata agus eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí sibhialta, eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí sibhialta idirnáisiúnta agus sibhialta chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha. Ghlac 124 comhalta pearsanra san iomlán ó Óglaigh na hÉireann páirt i Viking 08 i dteannta le comhaltaí pearsanra sibhialta ón Roinn Cosanta.



Ghlac comhaltaí pearsanra ó Chosaint Shibhialta, ón nGarda Síochána, ón tSeirbhís Phríosúin, ó Chúnamh Éireann, Chumann Croise Deirge na hÉireann, Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Goal, Concern agus ón UNHCR páirt ann agus ar an mbealach sin chuir siad gné de réalaiochas idirghníomhaireachta leis an gcleachtadh.

CLEACHTAÍ BAINISTÍOCHTA GÉARCHÉIME AN AE 08

Ghlac Éire páirt i gcleachtadh bainistíochta géarchéime an AE (CME 08) a réachtáladh ó 24 Samhain 2008 go 5 Nollaig 2008. Ba é cuspóir an chleachta sin ná pleanáil oibriúcháin comhuaineach a thástáil d'oibríocht mhíleata agus misean sibhialta athchumraithe BSCE a bheadh i mbun oibríochtaí sa láthair chéanna. Bhí Ceanncheathrú Oibriúcháin na hEorpa i Mont Valérien (an Fhrainc), atá rannpháirteach freisin san oibríocht EUFOR Tchad/RCA a stiúradh, rannpháirteach sa chleachtadh. Freisin mar chuid de CME 08 ghlac an tAonad um Pleanáil Shibhialta agus Cumas Iompair (CPC) páirt i gcleachtadh bainistíochta géarchéime AE den chéad uair. Choimeád comhaltaí pearsanra ó Óglaigh na hÉireann ceall freagartha náisiúnta agus d'fhreastail siad ar chruinnithe de chomhlachtaí Chomhairle an AE.

CLEACHTADH MÍLEATA AN AE 08

Reáchtáladh tríú Cleachtadh Míleata an AE (MILEX 08) ó 19-27 Meitheamh 2008, ag díriú ar ghnéithe míleata de bhainistíocht ghéarchéime ag leibhéal straitéiseach agus oibriúcháin an airm um oibríocht bainistíochta géarchéime beartaithe faoi cheannas an AE, gan dul ar iontaoibh sócmhainní agus cumais choitianta NATO. Dhírigh sé go príomha ar an idirghníomhú idir Ceanncheathrú Oibriúcháin AE agus Ceanncheathrú Fórsa AE.

CLEACHTAÍ MÍLEATA CASN5 08

Ghlac Éire páirt freisin i gCleachtadh Bainistíochta Géarchéime NATO Casn5 (CMX 08) in Aibreán 2008. Ba é cuspóir an chleachtadh bainistíochta géarchéime sin a bhí stiúrtha ag imeachtaí ná nósanna imeachta polaitiúla, míleata agus sibhialta i leith bainistíochta géarchéime a chleachtadh chomh maith leis an bpróiseas comhchinnteoireachta. Comhlíonadh

cuspóirí an chleachta agus cuimseofar na ceachta a foghlaimíodh i gcleachtaí amach anseo.

TÁBLA 3.4 Comhaltaí Pearsanra Roghnaithe agus Imscartha chuig Misin agus Postuithe Thar Lear 2008

Misean	Oifigigh	ONC	Saighdiúirí	Iomlán
UNIFIL (An Liobáin)	5	6	0	11
UNTSO (An Meán-Oirthear)	12	0	0	12
MINURSO (An tSahára Thiar)	6	0	0	6
MONUC (Poblacht Dhaonlathach an Chongó)	6	0	0	6
UNOCI (Cote D'Ivoire)	4	0	0	4
EUFOR (An Bhosnia-Heirseagaivéin)	14	70	0	84
EUFOR CHAD (lena n-áirítear OHQ/FHQ)	89	398	505	992
KFOR (An Chosaiv)	70	164	202	436
ESCE (Na Balcáin agus an Réigiún Caucas)	3	0	0	3

TÁBLA 3.4 Comhaltaí Pearsanra Roghnaithe agus Imscartha chuig Misin agus Postuithe Thar Lear 2008

Misean	Oifigigh	ONC	Saighdiúirí	Iomlán
EUMM (Na Balcáin)	2	0	0	2
ISAF (An Afganastáin)	8	6	0	14
ESCE An Vin (An Ostair)	1	0	0	1
EUMS An Bhrúiséal (An Bheilg)	2	1	0	3
Iomlán Imscartha go Misin thar lear 2008	222	645	707	1574
Comhaltaí pearsanra ag seirbheáil thar lear ar 1 Eanáir 2008	127	153	134	414
Iomlán a sheirbheáil thar lear le linn 2008	349	798	841	1988

Roghnú agus Imscaradh Comhaltaí Pearsanra le haghaidh Misean/Postuithe Thar Lear

Tá príomhfhreagracht ar an Rannóg um Bainistíocht Acmhainní Daonna, ar son Leas Cheann Foirne (Tacaíocht) i dteannta leis na Ceannasaithe Eagair agus Aonaid, as comhaltaí pearsanra a roghnú do sheirbhís thar lear. Tá an próiseas roghnúcháin ríthábhachtach chun comhaltaí pearsanra atá ullmhaithe i gceart a chur ar fáil. Is é atá i gceist leis an bpróiseas inter alia, ná gnéithe riaracháin mar thástálacha corpacmhainne, scrúduithe leighis, scrúduithe fiaclóra, éadaí agus trealamh a eisiúint, próiseáil pasanna chomh maith

le ham réasúnta idir turais dualgais a chinntiú. Bíonn an próiseas roghnúcháin bunaithe ar shaoarlaithe den chuid is mó ach i gcás roinnt ceapachán bíonn roghnú éigeantach riachtanach.

Cé gurbh é an t-uaslíon comhaltaí pearsanra as Óglaigh na hÉireann a bhí imscartha thar lear ag aon uair faoi leith i rith na bliana ná 830, ní mór líon i bhfad níos mó comhaltaí pearsanra a roghnú agus a imscaradh gach bliain. I 2008, imscaradh 1574 comhalta pearsanra d'Óglaigh na hÉireann chuig misin éagsúla lenar áiríodh postuithe sna AE, san ESCE agus i CasnS/ NATO. Tá an riachtanas traenáil i gcomhair imscartha thar lear fós ina aschur oibriúcháin lárnach d'Óglaigh na hÉireann agus mar sin dúshlán tábhachtach atá ann le haghaidh bainisteoirí acmhainní daonna.

Oifigigh - Staitisticí thar lear

Lean an t-Arm air ag soláthar fhormhór chomhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann a imscaradh ar sheirbhís thar lear i 2008. Sheirbheáil tríocha-dó fán gcéad (32%) d'oifigigh Airm (340) thar lear i rith 2008. Tá an miondealú léirithe sa tábla 3.5.

Comhaltaí Pearsanra Liostáilte – Staitisticí Thar Lear

I rith na bliana sheirbheáil 1,639 Comhalta Pearsanra Liostáilte nó 19% de na Comhaltaí Pearsanra Liostáilte go léir thar lear. Tá an miondealú léirithe sa tábla 3.6.



Suíomh cosantach i Sead



TÁBLA 3.5 Oifigigh ag seirbheáil thar lear 2008

	Lt	Capt	Cft	Lt Cor	Cor	Gin	Iomlán
Imscartha thar lear ar 01/01/2008	5	21	52	31	14	4	127
Imscartha thar lear le linn 2008	26	71	83	33	9	0	222
Iomlán thar lear le linn 2008	31	92	135	64	23	4	349
Iomlán thar lear le linn 2008 Oifigigh AC & NS thar lear i 2008	0	1	6	2	0	0	9
Oifigigh Airm thar lear i 2008	31	91	129	62	23	4	340
Líon Foirne an Airm de réir ranga	346	237	305	131	41	11	1,071
% de Rang Airm a sheirbheáil thar lear	9%	38%	42%	47%	56%	36%	32%

TÁBLA 3.6 Comhaltáí Pearsanra ag seirbheáil thar lear 2008

	SS	Cre	Sáir	CC	Sáir Comp	CSC	MS	Iomlán
Ag seirbheáil thar lear ar 01/01/2008	134	60	50	13	23	2	5	287
Imscartha thar lear le linn 2008	707	329	211	41	54	3	7	1,352
Iomlán thar lear le linn 2008	841	389	261	54	77	5	12	1,639
Neart de réir ranga Aonair	5,014	1,813	1,399	281	257	50	45	8,859
% de Rang a sheirbheáil thar lear	17%	21%	19%	19%	30%	10%	27%	19%



Cuid 4

Beartas Cosanta, Comhairle Mhíleata agus Seirbhísí Corparáideacha





Section 4: Beartas Cosanta, Comhairle Mhíleata agus Seirbhísí Corparáideacha

Mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne Cosanta agus Óglaigh na hÉireann outlined 2008-2010, cuspóir ardleibhéil den Eagraíocht Chosanta ná:

- An chomhairle is fearr maidir le beartas cosanta agus an chomhairle mhíleata is fearr agus is féidir a sholáthar don Aire chun tacú le bainistíocht ar gach gné de sholáthar cosanta agus pleanáil i gcomhair riachtanas amach anseo a éascú.

Tugann an chuid seo tuairisc ar an bhfeidhm comhairle beartais agus míleata (lena n-áirítear an Oifig um Pleanáil Éigeandála). Déantar athbhreithniú freisin ar na feidhmeanna tacaíochta corparáidí don Eagraíocht Chosanta. Éascaíonn an clár seo forbairt agus coimeád cumas agus tacaíonn sé leo ach tá nasc díreach aige freisin le beartas cosanta a cheapadh. Tá cur síos tugtha sna codanna roimhe seo ar chuid mhór de na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gclár seo. Cuimsíonn an fheidhm comhairle beartais agus míleata gach réimse de sholáthar Cosanta agus tacaíonn sé leis an riachtanas cinntiú go bhforbraíonn an Stát freagraí oiriúnacha de réir riachtanais an Rialtais.

Comhchoiste sibhialta-airm a sholáthraíonn fóram le mórcheisteanna beartais a phlé atá i **gCoiste Bainistíochta Straitéisí** (CBS) na Roinne. Is iad baill an SMC ná an tArd-Rúnaí (Cathaoirleach), an Ceann Foirne, an bheirt Leas-Cheann Foirne agus beirt Rúnaithe Cúnta na Roinne. Freastalaíonn an Ginearálóifigeach i gCeannas na n-Aerchór agus an tOifigeach Brataí i gceannas na Seirbhíse Cabhlaigh ar chruinnithe maidir le cúrsaí a mbíonn tionchar acu ar a gcuid seirbhísí féin.

Déanann Ard-Rúnaí Cúnta na Roinne Cosanta agus an Leascheann Foirne (Tacaíocht) comhchathaoirleacht ar an **nGrúpa Ardleibhéil um Pleanáil agus Soláthar** (GALPS). Tasc lárnach den chomhgrúpa sibhialta-míleata seo ná pleananna rollacha cúig go deich mbliana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm um sholáthar trealaimh, forbairt bonneagair agus fáil agus diúscairt réadmhaoine.

Lean an **Coiste Náisiúnta Slándála** air ag bualadh agus ag fáil coimrithe rialta i rith na bliana. Ar an gCoiste tá an tArd-Rúnaí don Rialtas, an tArd-Rúnaí, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Coimisinéir an Gharda Síochána, an tArd-Rúnaí, an Roinn Cosanta agus an Ceann Foirne. Faigheann an Coiste measúnuithe bagartha ó Choimisinéir an Gharda Síochána agus ón gCeann Foirne agus déanann sé athbhreithniú ar an staid slándála ar an iomlán sa timpeallacht intíre agus idirnáisiúnta.

Soláthraíonn Faisnéis Mhíleata measúnuithe, tuarascálacha agus coimrí rialta don Aire Cosanta, don Cheann Foirne agus don Ard-Rúnaí ar aon bhagairt do shlándaíl an Stáit agus don leas náisiúnta ó fhoinsí inmheánacha nó seachtracha.

An Oifig um Pleanáil Éigeandála

Is oifig sibhialta/mhíleata laistigh den Roinn Cosanta í an Oifig um Pleanáil Éigeandála (OPÉ) a thacaíonn leis an Aire mar Chathaoirleach ar Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála. Is é an Tascfhórsa an struchtúr barrleibhéil a sholáthraíonn beartas agus treoir agus a thacaíonn le comhordú agus a fhéachann thar gníomhaíochtaí pleanála éigeandála Ranna agus gníomhaireachtaí an Rialtais. Bhuail Tascfhórsa an Rialtais ceithre huairé i rith 2008.

Bhuail an Grúpa Oibre Idir-Ranna (GOIR) ar Phleanáil Éigeandála ceithre huairé i rith 2008. Leagann an Tascfhórsa cúram ar an nGrúpa Oibre sin as tascanna sonracha a chomhlíonadh agus gnéithe áirithe de phleanáil éigeandála a fhorbairt.

In Eanáir 2008, thug an Rialtas cead chun lámhleabhar ar phleanáil éigeandála, 'Ullmhú i gcomhair Móréigeandálaí', mar chuid d'fheachtas eolais agus feachtas poiblí. In Aibreán 2008, seoladh an feachtas, agus mar chuid lárnach den feachtas, rinneadh an lámhleabhar a sheachadadh chuig gach teaghlach sa tír.

Ba í sin an chéad uair a cuireadh eolas ar phleananna éigeandála lárnacha an Stáit i láthair an phobail ar an mbealach sin. Seoladh feachtas fógraíochta ar fud na tíre chun scaipeadh an lámhleabhair agus a chuspóir a



fhógairt, agus chun moladh do gach duine é a léamh agus a choimeád go sábháilte agus ar fáil go héasca chun críocha féachaint air.

Freisin, rinneadh láithreán gréasáin na hOifige um Pleanáil Éigeandála, www.emergencyplanning.ie, a athdhearadh mar chuid den Fheachtas Eolais agus Feasachta Poiblí. Is áis tagartha úsáideach í an láithreán gréasáin dóibh siúd a bhíonn ag lorg eolais ar phleanáil éigeandála in Éirinn.

Leanann an Oifig um Pleanáil Éigeandála uirthi ag déanamh bainistíochta ar an Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí. Is í príomhfheidhm an ionaid ná áis a sholáthar áit a bhféadann Airí agus/nó oifigigh shinseartha bualadh chun freagra straitéiseach ar mhóréigeandáil a chomhordú. I 2008, bhunaigh agus thástáil na ranna agus áisínéachtaí lárnacha go léir a naisc chumarsáide leis an Ionad. Leanann an Oifig um Pleanáil Éigeandála uirthi ag déanamh úsáid an ionaid a chur chun cinn ionas go gcuirfeadh Ranna agus gníomhaireachtaí aithne ar a chuid áiseanna go léir.

Ar 22 Deireadh Fómhair 2008, d'fhaomh Tascfhórsa an Rialtais Aguisín 'A' athbhreithnithe – "Lead, Principal Support and Other Support Roles" – don doiciméad "Strategic Emergency Planning Guidance", a d'eisigh an tAire Cosanta i 2004. D'aithin an doiciméad tosaigh coincheap 'Roinn Cheannasach an Rialtais' mar cheann de na prionsabail lárnacha i bpleanáil éigeandála. Leathnaíonn an doiciméad nua ar ról agus freagrachtaí Aguisín 'A' agus déanann sé ról a shoiléiriú thar raon níos leithne de chnámhscéalta éigeandála – breis is 40 san iomlán – ag leibhéal straitéiseach. Déanann sé comhlánú ar an gCreat um Shocruithe Bainistíochta Móréigeandálaí chun an freagra ag na príomhghníomhaireachtaí freagartha a mhéadú.

Feidhm thábhachtach don Oifig um Pleanáil Éigeandála i 2008 ná an fhorbairt leanúnach ar a ról maoirseachta chun pleanáil éigeandála a fheabhsú go ginearálta agus chun comhordú a neartú ar fud ranna rialtais. Rinneadh maoirseacht le gach Roinn i rith na bliana agus chuir an tAire Tuarascáil Bhliantúil

rúnmhar ar Phleanáil Éigeandála faoi bhráid an Rialtais i Nollaig 2008.

Acmhainní Daonna na Státseirbhíse agus Fostaithe Sibhialta

Déanann an Brainse Acmhainní Daonna (BAD) bainistíocht ar fheidhm acmhainní daonna na Roinne d'fhostaithe státseirbhíse agus fostaithe sibhialta. Cé go mbíonn an líon ball foirne éagsúil le linn na bliana ba é an líon státseirbhíseach ag deireadh na bliana ná 385 agus ba é an líon fostaithe sibhialta ná 820.

Tá tiomantas agus díograis na mball foirne go léir le feiceáil go soiléir sa dámhachtain *Scothsheirbhís trí Scothfhostaithe* ó FÁS a dhéantar a bhailíochtú go seachtrach. Ritear an scéim *Scothsheirbhís trí Scothfhostaithe* ag FÁS mar Chaighdeán na hÉireann um Bainistíocht Acmhainní Daonna. Aithníonn an Roinn go bhfuil a cuid ball foirne go léir ríthábhachtach chun a gcuid cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh. Ar an gcúis sin, leanaimid orainn ag déanamh infheistíochta in Acmhainní Daonna (AD) chun Roinn níos dinimiciúla, níos nua-aimseartha agus níos solúbtha a chruthú trí raon de thionscnaimh, lena n-áirítear:

- Cuir i bhfeidhm leanúnach na Straitéise AD
- Coistí Comhpháirtíochta na Roinne a chur chun cinn mar fhóram luachmhar do bhailí foirne agus don bhainistíocht chun ábhair chomhleasa a phlé
- Oibriú go réamhghníomhach ar ábhair Caidrimh Thionsclaíoch (CT) trí struchtúir CT comhaontaithe agus cruinnithe déthaobhacha le haontais
- Reachtáladh agallaimh bunaithe ar inniúlacht do chomórtas agallaimh inmheánaigh a reachtáladh sa Roinn
- Céim I de chlár nuachóirithe ar ár gcóiríocht i nGaillimh
- Cuireadh clár um scagadh sláinte ar fáil do gach ball foirne.



Lean an Roinn uirthi ag cur i bhfeidhm an múnla comhtháite um Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF), a nascann CBFF le gnéithe eile de bheartas AD. Ghlac breis is 96% de bhaill foirne páirt san Athbhreithniú Bliantúil ar an CBFF i 2008. Lean Grúpa Stiúrtha CBFF na Roinne air ag déanamh monatóireachta ar chur i bhfeidhm comhsheasmhach CBFF ar fud na Roinne agus tá an Roinn cinnte go bhfuil an córas ag cur le feidhmíocht fheabhsaithe ag leibhéal duine aonair agus eagraíochta.

Lean an BAD air ag éascú bainistíocht áitiúil agus ag tacú léi chun déileáil go gníomhach le hábhair AD ag leibhéal áitiúil, an oiread agus ab fhéidir, mar aitheantas gurb é sin an bealach is éifeachtaí le hacmhainní daonna na Roinne a bhainistiú.

Bhí seirbhísí an Oifigeach Idirchaidrimh Míchumais (OIM) agus an Oifigeach Cúnaimh Fostaithe (OCF) fós ar fáil do bhaill foirne mar thacaí breise. Is é beartas na Roinne go dtabharfaí comhionannas deiseanna agus cóireála do gach comhalta pearsanra. Léiríonn an Straitéis AD an seasamh beartais sin agus áiríonn sé clár gnímh dhearfaigh.

Le linn na bliana, lean an Roinn uirthi ag obair agus ag tacú le tionscnaimh chun a cuid oibleagáidí faoin Acht Míchumais, 2005 a chomhlíonadh.

FOSTAITHE SIBHIALTA

Tá fostaithe sibhialta, atá fostaithe faoi fhorálacha an Achta Cosanta 1954, bunaithe ag tríocha ionad míleata ar fud na tíre. Baineann formhór de na fostaithe sin leis na gráid cheardaíochta, oibrí ghinearálta agus le gráid bhainteacha agus tá siad rannpháirteach i bhfearais mhíleata a chothabháil den chuid is mó. Tá na fostaithe sibhialta eile rannpháirteach den chuid is mó i ndualgais chléireachais agus stóráil d'Óglaigh na hÉireann agus áiríonn siad freisin cigirí aerárthaigh agus gráid theicniúla éagsúla.

TRAENÁIL AGUS FORBAIRT NA STÁTSEIRBHÍSE

Lean clár cuimsitheach traenála ionduchtaithe ar aghaidh i 2008. Leanamar orainn ag díriú ar thraenáil a sheachadadh a rachadh i bhfeidhm go dearfach

ar fheidhmíocht aonair agus ar chomhlíonadh éifeachtach ghnó na hEagraíochta Cosanta.

Chuimsigh tionscnaimh fhoghlama agus fhorbartha raon leathan d'ábhar lenar áiríodh Bainistíocht Tionscadail, Anailís Bheartais, Anailís ar Thionchar Rialála, Soláthar Poiblí, Toradh ar Infheistíocht agus Sláinte & Sábháilteacht. Rinneadh 230 cúrsa traenála a sheachadadh i 2008 le 893 rannpháirtí san iomlán. Chomhlíon an Roinn Cosanta an sprioc Rialtais mar a bhí 4% den phárolla a infheistiú i dtraenáil agus forbairt i 2008.

COMHIONANNAS

Is é beartas na Roinne ná go dtabharfaí comhionannas deiseanna agus cóireála do gach comhalta pearsanra. Léiríonn an Straitéis HRM an staid beartais seo agus áiríonn sé clár gnímh dearfaigh (ag teacht thar chonstaicí os comhair dul chun cinn gairme) le ceisteanna mar chur i bhfeidhm sprioc an Rialtais go líonfaí trian de na poist sa ghrád Príomhoide Cúnta ag mná a phlé. Faoi láthair mná iad 31% de Phríomhaithe Cúnta. Ina theannta sin, is mná iad 5 dár 14 Phríomhoifigeach anois.

Rinne gach Roinn Rialtais suirbhé deonach ar fhostú daoine faoi mhíchumas i rith 2007, chun tuairisc a thabhairt ar Chomhlíonadh le Cuid 5 den Acht Míchumais, 2005. I gcás na Roinne Cosanta, léirigh torthaí an tsuirbhé gur 2.8% an céatadán de státseirbhísigh atá faoi mhíchumas agus ba é an céatadán d'fhostaithe sibhialta a bhí fostaithe ag an Roinn ar son Óglaigh na hÉireann ná 2.0%. Nuair atá siad comhbhailithe le haghaidh na Roinne ina hiomlán réitíonn na rátaí le ráta fostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas thar gach Roinn Rialtais mar atá 2.4%, bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé. .

I rith na bliana ghlac an Roinn páirt sa tionscadal chun tacú le fostú céimithe faoi mhíchumas trí chlár taithí oibre. Tá comhpháirtithe ag an tionscadal seo sna hearnálacha pobail, príobháideacha agus deonacha/pobail agus tá sé maoinithe i bpáirt faoi thionscnamh EQUAL.



Ombudsman Óglaigh na hÉireann

Bunaíodh Oifig Ombudsman Óglaigh na hÉireann faoin Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004. I Meán Fómhair 2008, ceapadh Ms. Paulyn Marrinan-Quinn SC ag an Uachtarán arís, tar éis molta a fháil ón Rialtas, ar feadh tréimhse breise de thrí bliana mar Ombudsman Óglaigh na hÉireann.

Tá an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann (OÓÉ), de réir an Achta, neamhspleách i bhfeidhmiú a cuid dualgas agus ceanglaíonn an tAcht uirthi tuairisc a réiteach ar fheidhmiú a cuid feidhmeanna le leagan amach go bliantúil ós comhair an dá Theach Oireachtais.

Tá iad siúd ar fáil ar líne ó láithreán gréasáin an OÓÉ ag www.odf.ie

Tacaíocht do Ghrúpaí Ársa

De réir an Chlár Comhaontaithe Rialtais ó Mheitheamh 2007, cuireadh socruithe i bhfeidhm le linn 2008 chun go bhfaigheadh na grúpaí ársa a bhfuil aitheantas oifigiúil acu, ONET agus IUNVA, cúnamh deontais bliantúil ón Roinn Cosanta.

Iniúchadh Inmheánach

Is aonad neamhspleách é Rannóg Iniúchta Inmheánaigh na Roinne a thugann tuairisc go díreach don Ard-Rúnaí. Mar sholáthraí seirbhíse cloíonn an Rannóg go dlúth leis na Caighdeáin um Chleachtas Gairmiúil atá leagtha síos ag an Institiúid Iniúcháirí Inmheánacha. Soláthraíonn sé seirbhís neamhspleách agus oibiachtúil um dhearbhu agus chomhairleacht a don bhainistíocht, idir bainistíocht shibhialta agus mhíleata, atá ceaptha chun luach a chur le hoibríochtaí na Roinne. Baintear é sin amach trí mheasúnú agus feabhas a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas um bainistíocht riosca, rialú agus rialáil sa Roinn. Oibríonn an Rannóg de réir plan iniúchta bhliantúil, a chuimsíonn raon de chórais, comhlíonadh agus iniúchtaí stóir, atá faoifa ag an Ard-Rúnaí. Déanann Coiste Iniúchta na Roinne athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar obair na Rannóige. I rith 2008, rinne an Rannóg clár iniúchta a raibh 100 iniúchadh i gceist ann.

Íocaíocht Phras Cuntas

Géilleann an Roinn d'fhorálacha an Achta um Íocaíocht Phras Cuntas 1997 agus Rialacháin Chomhphobal na hEorpa (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. Is é beartas na Roinne gach sonrasc a shocrú go pras agus í ag féachaint chuig téarmaí conartha áit a mbaineann siad, cleachtais mhaithe bainistíochta airgeadais agus airgid agus forálacha an Achta agus na Rialachán. Tá nósanna imeachta chun géilleadh don reachtaíocht a chinntiú ar bun agus soláthraíonn siad dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán é i gcoinne neamhghéillte ábhartha.

TÁBLA 4.1 Staitisticí ar Íocaíocht Phras le haghaidh 2008

Líon iomlán sonrasc próiseáilte	49,389
Luach iomlán na n-íocaíochtaí go léir	€233.9m
Líon iomlán íocaíochtaí deireanacha	109
Luach iomlán na n-íocaíochtaí deireanacha	€468,292
Luach na n-íocaíochtaí deireanacha mar % d'íocaíochtaí iomlána	0.20%
Méid Úis íochta	€6,258
Méid úis mar % d'íocaíochtaí iomlána	0.0027%

Dílarú

Déanfar breis is 200 státseirbhíseach agus 40 ball foirne míleata atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath a dhílarú chuig an Droichead Nua, Co. Chill Dara faoi chlár dílaraithe an Rialtais. Faoi dheireadh 2008, bhí 90% de bhaill foirne riaracháin agus cléireachais na Roinne a bhí le hathlonnú chuig an Droichead Nua i bhfeidhm. Cuireadh tús leis an gcóiríocht nua sa Droichead Nua a thógáil le linn 2008.



Déanfaidh Óglaigh na hÉireann breis is 400 comhalta pearsanra a athlonnú ó Bhaile Átha Cliath chuig an gCurrach mar chuid den chlár díláraithe. Ag deireadh 2008, bhí críoch curtha leis an bpróiseas pleanála don fhoirgneamh nua sa Churrach agus bhí Oifig na n-Oibreacha Poiblí i mbun críoch a chur le socruithe chun tairiscintí a iarraidh don obair sin.

Teicneolaíochtaí na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC)

Is é an comhlacht rialaithe iomlán do chúrsaí TFC sa Roinn agus in Óglaigh na hÉireann ná an Coiste Stiúrtha ar Theicneolaíocht na Faisnéise (ITSC) ar a bhfuil baill shibhialta agus airm ag leibhéil shinseartha san eagraíocht. Cinntíonn an ITSC go mbreathnaítear ar chlár ó thaobh na straitéise de agus go gcuirtear prionsabail LAA i bhfeidhm ar chaiteachas ICT. Freisin bíonn clár chaiteachais faoi réir ceada shonraigh ó Rannóg Rialaithe TF na Roinne Airgeadais.



Baill foirne Eolais agus Cumarsáide

Soláthraíonn tacaíocht TFC na hardáin theicniúla ionas go bhféadann na bainisteoirí gnó a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Rinneadh uasghrádú agus athsholáthar mór i rith 2008 maidir le bogearraí Párolla agus leis an mbonneagar teicniúil. Bhí uasghrádú agus cothabháil ar na hardáin theicniúla sin mar chuid lárnach de chlár tacaíochta 2008 don raon iomlán d'fheidhmchláir TF agus córais oifige a úsáidtear ó lá go chéile. Bhí an gá cinntiú go mbeadh bonneagar nuachóirithe agus seasta i bhfeidhm sula mbogfaí chuig na hoifigí díláraithe nua sa Droichead Nua faoi dheireadh 2009 mar chuid den chlár uasghrádaithe sin. Cuireadh clár de chóras tacaíochta feidhmiúcháin i bhfeidhm i rith na bliana chun tacú le bainisteoirí gnó i réimsí lárnacha. Baineann iad siúd le bainistíocht cásanna agus córais rianaithe agus córais idirghníomhacha AD.

Mar chuid den ullmhúchán i gcomhair díláraithe, cuireadh críoch le clár nua láimhdeachas foirne i rith na bliana, agus tá 80% de bhaill foirne TFC nua bunaithe anois, agus na chéad mhodúil de thraenáil riachtanach agus breisoiliúint críochnaithe.

Ábhar inmí mór ab ea slándáil TFC sa réimse phríobháideach agus sa réimse phoiblí i rith 2008. Leagadh cúram ar fhoghrúpaí slándála inmheánaí, faoi choimirce an ITSC, as réimsí sonracha gníomhaíochta a scrúdú áit a raibh gá le slándáil a neartú. Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin, cuireadh bearta slándála i bhfeidhm chun roinnt córas lárnach a chosaint. Ina theannta sin, bronnadh deimhniú ISO27001 um Shlándáil TF ar an Roinn i nDeireadh Fómhair 2006 agus rinne sí roinnt iniúchtaí i rith 2008 chun deimhniú a choimeád, rud a baineadh amach.

iExpenses

Is í iExpenses an uirlis a úsáidtear chun cothabháil a éileamh go leictreonach tríd an modúl Oracle E Business Suite den Chreat Faisnéise Bainistíochta (CBF). Leanadh ar aghaidh ag tar-rolladh iExpenses i rith 2008. Rinneadh coimrí i ngach ceann de na Briogáidí agus na hEagair chun comhaltaí pearsanra Óglaigh na hÉireann a threorú faoin gcóras iExpenses. Tá oifigigh ó na Buan-Óglaigh ag éileamh cothabhála ar líne agus an córas á úsáid acu ó Shamhain 2008



agus tá gach Aonad de Dhara Briogáid an Oirthir ag éileamh cothabhála do gach rang dá n-aonad agus an áis iliontrála á húsáid acu ó Nollaig 2008.

Leanann an tar-rolladh ar aghaidh agus táthar ag súil go mbeidh iExpenses curtha i bhfeidhm go hiomlán faoi dheireadh 2009.

Tagarmharcáil, Sustaining Progress agus i dTreo 2016

Fuarthas faomhadh i rith na bliana ó na Grúpaí Fíoraithe Feidhmíochta (GFF) le haghaidh na n-earnálacha éagsúla, chun méaduithe pá a íoc le státseirbhísigh agus fostaithe sibhialta le héifeacht ó 1 Márta 2008 agus 1 Meán Fómhair 2008.

Leanadh ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn leis na Cumainn Ionadaíochta maidir leis na cuspóirí inseachadta sin a bhaint amach faoin gcomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta I dTreo 2016. Léirítear na cuspóirí inseachadta i sainghníomhartha agus saintiomantais atá cumhdaithe i bPleananna Gníomhaíochta atá ar bun sa státseirbhís sa Roinn agus in Óglaigh na hÉireann. Déanann Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse dul chun cinn a mheas de réir an Phlean Gníomhaíochta agus cleachtann comhlacht cosúlach an ról sin i dtaobh Óglaigh na hÉireann.

Rinneadh na híocaíochtaí tríú agus ceithre céime a bhí dlite faoi I dTreo 2016 leis an taobh státseirbhíse den Roinn agus d'Óglaigh na hÉireann i Márta agus Meán Fómhair 2008 tar éis a fhíorú go ndearnadh comhoibriú sásúil le solúbthacht, athrú leanúnach agus cur i bhfeidhm sásúil eilimintí an chláir oibre um nuachóiriú.

Athbhreithnithe Luacha ar Airgid (ALA) agus Beartais

Leanadh ar aghaidh le hobair i 2008 ar Athbhreithniú Luacha Ar Airgead ar Chothabháil Árthaigh na Seirbhíse Cabhlaigh a ullmhú agus foilsíodh an tuarascáil dheireanach i Márta 2009. Cuireadh tús le hobair ar Athbhreithniú Luacha ar Airgead ar Thailte Traenála Míleata agus táthar ag súil go bhfoilseofar an tuarascáil sin i 2009.

An Clár um Shimpliú agus Leasú Reachtáíochta agus Rialachán

Tá clár fairsing oibre ar bun ag an Roinn chun reachtáíocht phríomhúil agus thánaisteach a shimpliú agus leasú. I gcomhthéacs an chláir sin ba í an príomhghné a díriodh uirthi i 2008 ná tosach feidhme a thabhairt d'fhorálacha an Achta Cosanta (Leasú) 2007. Is é príomhchuspóir an Achta sin ná nuachóiriú a dhéanamh ar an gcód disciplín míleata trí leasú agus nuashonrú a dhéanamh ar fhorálacha Cuid 5 den Acht Cosanta maidir le nósanna imeachta achoimre agus marascal cúirte chun foráil dóibh siúd a leanas:

- Déileáil go hachomair le cúisimh i gcoinne an dlí mhíleata
- An marascal cúirte achomair a bhunú agus dlínse a thabhairt dóibh
- Riarthóir Marascal Cúirte, Stiúrthóir Ionchúiseamh Míleata agus Breitheamh Míleata a cheapadh
- Comhdhéanamh marascal cúirte agus ballraíocht marascal cúirte
- Ábhair imeachta os comhair marascal cúirte lena n-áirítear pionóis a ghearradh agus a chur i gcríoch agus daorbhreitheanna a chur ar fionraí; agus
- Coiste Rialacha Marascal Cúirte a bhunú agus Rialacha Marascal Cúirte a dhéanamh.

Chun feidhm a thabhairt don Acht Cosanta (Leasú) 2007 cuireadh críoch le hobair ar na Rialacha agus na Rialacháin a dhréachtú chun foráil do:

- Rialacha Nós Imeachta athbhreithnithe do mharascal cúirte
- Rialacha Marascal Cúirte Nua
- Rialacháin Athbhreithnithe maidir le Marascal Cúirte (Cúnamh Dlí);



- Leasuithe ar 6 Rialachán eile de chuid Óglaigh na hÉireann chun forálacha an Achta a léiriú; agus
- Ordú Tosach Feidhme le haghaidh na gcodanna eile den Acht.

Déanann na Rialacha Athbheithnithe Nós Imeachta do mharascail cúirte rialú ar na nósanna imeachta maidir leis an Riarthóir Marascal Cúirte, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Míleata agus cásanna a ullmhú le triail a fháil ón marascal cúirte. Déanann na Rialacha Marascal Cúirte, a shínigh an Coiste Rialacha Marascal Cúirte, le comhaontú ón Aire, rialú ar chleachtais agus nósanna imeachta os comhair marascal cúirte.

Tugadh feidhm d'fhorálacha an Achta leis an bpróiseas athbheithnithe um marascal cúirte ó 1 Meán Fómhair 2008.

I réimse Rialacháin Óglaigh na hÉireann, rinneadh go leor dul chun cinn le linn na bliana maidir leis na rialacháin úd a phléann le Saoire (DFR A11) agus Liostáil, Ardú Céime, Laghdúithe, Aistriú chuig na hÓglaigh Chúltaca agus Scaoileadh (DFR A10) a athscríobh. Leanadh ar aghaidh le hobair ar Rialacháin Óglaigh na hÉireann DFR L1 (Cóiríocht agus Oibreacha Innealtóra), DFR L4 (Eachaíocht, Suirbhé ar Stóir, Iompar agus Taisteal, Scéimeanna Leasa agus Ceaintíní) a shimpliú agus a athscríobh agus ar DFR S3 (Íocaíocht agus Liúntais). Bhí an athscríobh sin ag ardchéim agus déanfar é a chur chun cinn níos mó le linn 2009.

Ina theannta sin, rinneadh 18 leasú ar Rialacháin Óglaigh na hÉireann agus cuireadh tús le 18 leasú eile a phróiseáil.

Anailís ar Thionchar Rialála (ATR)

Tá na hAchtanna Cosanta agus na Rialacháin a dhéantar fúthu dírithe ar Óglaigh na hÉireann amháin agus níl feidhm acu maidir leis an gnáthshaoránach ná le gnó. D'ainneoin sin, cuireann an Roinn na prionsabail atá leagtha amach sa Treoirlínte RIA i bhfeidhm áit ar cuí.

Níorbh gá don Roinn RIA a ullmhú i dtaobh aon reachtaíochta ar tugadh feidhm di i rith 2008.

Bainistíocht Athruithe

Bíonn an Roinn i gcónaí ag iarraidh feabhas a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanaimid ár gcuid gnó. I rith 2008, chuir an Roinn tús le próiseas, a raibh na baill foirne go léir rannpháirteach ann, agus é mar aidhm aici na príomhghníomhartha um athrú ag leibhéal brainse agus roinne a aithint. Tabharfaidh na gníomhartha sin treoir dúinn sna chéad chéimeanna eile de leasú.

I lár 2008, rinne an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) athbheithniú ar a chuid nósanna imeachta agus é mar aidhm feabhas a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann an CCB cumarsáid agus idirghníomhú le baill foirne na Roinne. Áirítear leis na hathruithe a tugadh isteach:

- Glacadh le cur chuige níos foirmiúla agus struchtúrtha i dtreo cinntiú go ndéanann an CCB machnamh ar na hábhair lárnacha go léir ag am oiriúnach
- Bualadh leis na Príomhoifigh go léir faoi seach chun coimrí a fháil ar ábhair lárnacha beartais agus oibriúcháin agus athbheithniú a dhéanamh ar phleananna gnó bliantúla
- Córas níos foirmiúla chun taifid ar chruinnithe a choimeád agus cinntí a thaifeadadh lena n-áirítear rúnaí a cheapadh don CCB
- Bunú leathanach inlín le miontuairiscí cruinnithe an CCB agus cruinnithe an Ghrúpa Bainistíochta chun cumarsáid níos fearr agus roinnt níos fearr eolais le baill foirne go léir na Roinne a chinntiú
- Struchtúr níos foirmiúla maidir le cruinnithe a reáchtáil ag leibhéal Rannáin agus Brainse



- Athbhreithniú leanúnach ar rialachas laistigh den eagraíocht de réir mholtaí Thuarascáil Mullarkey agus tuilleadh forbairtí maidir le seirbhís phoiblí sa réimse sin.

Athbhreithniú ar an mBrainse Airgeadais

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an mBrainse Airgeadais sa Rinn Mhór mar chuid den phróiseas athbhreithnithe brainse sa Roinne. Scrúdaigh an t-athbhreithniú na próisis, nósanna imeachta agus struchtúir eagraíochta sa Bhrainse Airgeadais agus é mar aidhm moltaí a dhéanamh chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht an Bhrainse a fheabhsú.

Plean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméirí

Foilsíodh an Chairt Custaiméirí agus an Plean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméirí a bhí ag an Roinn roimhe i 2004. I rith 2008 cuireadh obair ar aghaidh ar Chomhchairt Custaiméirí agus Comhphlean Gníomhaíochta Custaiméirí don Roinn Cosanta agus d'Óglaigh na hÉireann. Tá sé beartaithe go gcuirfear iad siúd i gcríoch agus go bhfoilseofar iad i 2009.

Saoráil Faisnéise (SF)

Óachtaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise, breathnaítear ar an Roinn Cosanta, Bord Pinsean an Airm agus Óglaigh na hÉireann mar chomhlachtaí faoi leith chun críocha an Achta. I Meitheamh 2007, leathnaíodh an tAcht chun comhlachtaí poiblí breise a chuimsiú, lena n-áirítear an Bord Cosanta Sibhialta agus Coiste an Asgard.

Ní bhfuair Bord Pinsean an Airm ná an Bord Cosanta Sibhialta aon iarratais saorála faisnéise i rith 2008. Fuair Coiste an Asgard aon iarratas SF amháin.

TÁBLA 4.2 Iarratais SF na Roinne Cosanta 2008

Iarratais Faighte	52
Deonaithe	21
Deonaithe i bPáirt	13
Diúltaithe	2
Aistrithe	15
Tarraingthe siar nó láimhseáilte lasmuigh de SF	2
Críochnaithe	48

TÁBLA 4.3 Iarratais SF Óglaigh na hÉireann 2008

Iarratais Faighte	218
Deonaithe	155
Deonaithe i bPáirt	41
Diúltaithe	12
Diúltaithe	0
Tarraingthe siar nó láimhseáilte lasmuigh de FOI	3
Críochnaithe	211

Comhpháirtíocht

AN STÁTSEIRBHÍS

Lean fochoistí Bhaile Átha Cliath agus na Gaillimhe, a bhunaigh an Coiste Comhpháirtíochta príomha i 2002 orthu ag feidhmiú go rathúil i 2008 trí phlé le ceisteanna áitiúla éagsúla ar bhealach éifeachtach agus cuimsitheach.



FOSTAITHE SIBHIALTA

Faoi láthair tá seacht gcoiste comhpháirtíochta áitiúla ar fud na tíre. Freisin tá Coiste Stiúrtha Náisiúnta Comhpháirtíochta ann le haghaidh fostaithe sibhialta, a bhuaileann roinnt uaireanta gach bliain le hionadaithe ó na coistí áitiúla, ón Arm, ó Chumainn agus ó Bhainistíocht.

ÓGLAIGH NA HÉIREANN

I rith 2008, rinneadh traenáil chomhpháirtíochta le haghaidh Coiste Stiúrtha Náisiúnta Óglaigh na hÉireann (CSNÓÉ) agus le haghaidh na mbriogáidí agus na n-eagar. Lig sé sin do na coistí feidhmiú níos éifeachtaí agus coiste na comhpháirtíochta a chur in aithne do bhaill choiste nua. Lean an CSNÓÉ ar aghaidh ag feidhmiú go héifeachtach i 2008 agus bhuaill siad sé huairé i rith na bliana.

Scéim Idir-réitigh agus Eadrána Óglaigh na hÉireann

Próiseáladh 200 éileamh tríd an Scéim Idir-réitigh agus Eadrána i 2008. Áiríodh leis na fadhbanna móra a réitíodh cuíchóiriú ar Íocaíocht Eitilte, scéim pinsean athbhreithnithe do chomhaltaí pearsanra liostáilte agus éilimh maidir le Liúntas um Thacaíocht Síochána Thar Lear.

RACO

I rith 2008, lóisteáil an Cumann air éilimh nua ag an gComhairle Idir-Réitigh, a pléadh ag cúig chruinniú den Chomhairle. Bhuaill cúig Fhochoiste tríocha-haon uair i rith na bliana chun plé a dhéanamh ar ábhair a ardaíodh ag an gComhairle Idir-Réitigh. Síníodh cúig Thuarascáil Chomhairle déag a thug taifead ar chomhaontú, agus thug ceithre cinn acu taifead ar easaontú. Reáchtáladh dhá éisteacht Éascaithe, ag déileáil le cúig éileamh ón gComhairle Eadrána. Lean Fóram Míleata an DFHQ air ag bualadh le RACO; bhuaill siad ceithre huairé, agus bhuaill fochoistí an Fhórait ceithre huairé.

PDFORRA

I rith 2008, lóisteáil an Cumann go foirmiúil roinnt éileamh nua ag an gComhairle Idir-Réitigh. Déileáladh leis na héilimh sin ag cúig chruinniú Comhairle. Rinneadh deich dThuarascáil Chomhairle a sheachadadh, thug cúig cinn acu taifead ar chomhaontú agus thug cúig cinn acu

taifead ar easaontas. Cuireadh aon tuarascáil amháin maidir le heasaontas, ar aghaidh chun breithiúnas tríú páirtí a fháil, agus rialaíodh i bhfabhar PDFORRA. Freisin reáchtáladh trí chruinniú den Fhóram Míleata DFHG le linn na bliana áit a ndearnadh raon leathan ábhar a phlé, a chur ar aghaidh agus a chur i gcríoch.

Dlíthíocht

ÉILIMH DÍOBHÁLA PEARSANTA

Ó Nollaig 2001, tarmligtear bainistíocht fhorhmhór na n-éileamh nua (nach éilimh cailliúna éisteachta iad) a lóisteáladh i gcoinne an Aire Cosanta do Ghníomhaireacht Éileamh an Stáit (GES). I rith 2008, atreoraíodh 140 éileamh chuig an ngníomhaireacht. Chríochnaigh an Ghníomhaireacht 102 cás san iomlán i rith na tréimhse sin. Ba é méid an chaiteachais iomláin ar éilimh a chríochnaigh an Ghníomhaireacht i rith 2008 ná €1.7m, móide €1.4m i gcostais dlí.

Maidir le héilimh nach éilimh cailliúna éisteachta iad) nár tarmligeadh don SCA, críochnaíodh 27 éileamh i 2008 ag fágáil 300 éileamh ag deireadh na bliana. Ba é méid an chaiteachais iomláin i 2008 ar na héilimh sin ná thart ar €0.62m móide €0.36m i gcostais dhlíthiúla.

Ó Mheán Fómhair 2005, déantar bainistíocht na n-éileamh cailliúna éisteachta go léir atá fágtha a tharmligeadh do Ghníomhaireacht Éileamh an Stáit (SCA). Ba é méid an chaiteachais iomláin a críochnaíodh i rith 2008 ná €2.1m, a d'áirigh thart ar €1.8m i gcostais dlí. Tá costais a íocadh i 2008 maidir le cásanna a socraíodh roimh Mheán Fómhair 2005 cuimsithe sna figiúir sin. Coimeádadh an leibhéal candaim i gcásanna cailliúna éisteachta i 2008 a bronnadh nó a socraíodh ag an meánleibhéal de of €8,818 móide costais.

Athbhreithnithe Breithiúnacha agus Imeachtaí Ard-Chúirte Eile

I rith 2008, tionscnaíodh 13 athbhreithniú agus caingean Ard-Chúirte eile maidir le cinní riaracháin a bhain le comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann i gcoinne an Aire Cosanta. Cuireadh 12 cás i gcríoch i rith 2008. Ag deireadh na bliana bhí 25 cás idir lámha agus bhí achomhairc don Chúirt Uachtarach á nglacadh i 6 chás eile.



Cartlann an Airm

Lean Cartlann an Airm uirthi ag éascú taighde le linn na bliana trí chomhfhreagras, tríd an nguthán agus an seomra léitheoireachta sa príomhoifig phoiblí sa Chartlann i nDún Chathail Bhrugha, Ráth Maonais. Ina theannta sin, áiríodh le seirbhísí eile ábhar a sholáthar don Roinn Cosanta agus d'Óglaigh na hÉireann le haghaidh coimisiúin fiosrúcháin agus binsí éagsúla agus faoi reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise.

Le linn na bliana, cuireadh tús le roinnt tionscadal factéarmach maidir leis na bailiúcháin a chatalógú agus a liostú agus fuair an chartlann go leor ábhair ag cur le bailiúchán de bhreis is 990 bailiúchán príobháideach a choimeádann an chartlann cheana.


Tionscadal Chartlann Phinsean an Airm

Tá tús curtha leis an gcéim tosaigh den tionscadal chun bailiúchán Chartlann Phinsean na Seirbhíse Míleata a chur ar fáil don phobal. Earcaíodh bainisteoir tionscadail/cartlannaí sinseartha amháin agus triúir cartlannaithe le hoibriú air. Tá cóiríocht oifige i nDún Chathail Bhrugha, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6, lena n-áirítear trealamh oifige agus TFC. Bailíodh ábhar a aithníodh mar ábhar ríthábhachtach don bhailiúchán ó oifigí Roinne agus rinneadh é a lárú i nDún Chathail Bhrugha. Tá tús curtha leis an mbailiúchán a ullmhú le scaoileadh don phobal.



Cuid 5

Tuarascáil Airgeadais





Cuid 5: Tuarascáil Airgeadais

CAITEACHAS COSANTA

Sonraí ar Chaiteachas faoin Vóta Cosanta le haghaidh 2008 de réir Catagóra		
	€M	%
Pá & Liúntais PDF	525	59.7
Pá & Liúntais fostaithe sibhialta & RDF	45	5.1
Trealamh Cosanta	45	5.1
An tAerchór – Trealamh, breosla, cothabháil, srl.	41	4.7
An tSeirbhís Chabhlaigh – trealamh, breosla, cothabháil, srl.	16	1.8
Speansais Dúin, deisiúcháin & cothabháil ar thalamh	33	3.8
Tógáil – caipiteal	26	2.9
Iompar Míleata – feithiclí nua, breosla, deisiúcháin & cothabháil	35	4.0
Cúiteamh	6	0.7
Caiteachas míleata eile neamhphá	75	8.5
Buiséad riaracháin	25	2.8
An Bord Cosanta Sibhialta, Cumann Croise Deirge na hÉireann & Coiste an Asgard	8	0.9
Iomlán (Ollfhigiúr)	880	100

Sonraí ar Chaiteachas Phinsin an Airm 2008 de réir Catagóire		
	€M	%
Scéimeanna (Pinsean) Óglaigh na hÉireann agus íocaíochtaí i dtaobh Seirbhíse Aistrithe	192.6	94.6
Pinsin Chréachta agus Mhíchumais, chuig iarbhail d'Óglaigh na hÉireann nó ina dtaobh	8.8	4.3
Íocaíochtaí le hÁrsaí Chogadh na Saoirse nó ina dtaobh	2.1	1.0
Ilghnéitheach	0.2	0.1
Ollfhigiúr Iomlán	203.7	100

Nóta: D'fhéadfadh go dtíochfadh mion-neamhréireachtaí chun cimm mar gheall ar shlánú.

An Ráiteas Bliantúil ar Aschuir Chosanta

Tá na Ráitis Aschur ina bpríomhghné de na bearta Leasaithe Buiséid agus Meastachán a d'fhógair an tAire Airgeadais i mBuiséad 2006. Tá na Ráitis Aschuir ceaptha chun réiteach le príomhaschuir agus tionchair straitéiseacha d'acmhainní airgeadais agus foirne don bhliain airgeadais. Seo a leanas sliocht ó Ráiteas Aschuir Bliantúil 2009 um Chosaint. Tá roinnt eolais ar tháirge do 2008 san áireamh sa ráiteas.

Tá na haschuir sin curtha ina ngrúpaí de chúig réimse dhiscréideacha cláir mar seo a leanas:



Clár 1. Cumais Theagmhasacha

Is cumais theagmhasacha iad na príomh-aschuir faoi Chlár 1, a dhéantar a thomhas i dtéarmaí dul chun cinn i dtreo chuspóirí agus spriocanna forbartha cumais an Pháipéir Bháin. Is é cuspóir an chláir ná leibhéal cuí cumas cosanta a choimeád de réir dhlísteacht freagra mhíleata ar staideanna áirithe agus an gá leis. Nuair nach mbíonn oibríochtaí ar siúl, díritear ar thraenáil agus ullmhú.

Clár 2. Slándáil ar an Oileán & Tacaíocht do ghníomhaireachtaí eile

Leagann Clár 2 amach na gníomhaíochtaí agus na costais bhainteacha maidir le cumas a fhorbairt agus a imscaradh in oibríochtaí CCS agus CÚS. Is iad na haschuir thipiciúla faoin gclár seo ná Tionlacain Airgid & Príosúnach, foirne Diúscartha Ordánas Pléascach, seirbhísí Searmanais, Patróil Cosanta Iascach, Seirbhísí Iompair Aeir an Aire agus eitiltí Otharchairr Aeir. Ina theannta sin, tá na costais as ullmhú i gcomhair cur isteach ar sheirbhísí riachtanacha agus freagairt dó cuimsithe sa chlár seo. Freisin cuimsíonn an Clár seo Cosaint Sibhialta, atá maoinithe ag Cúnamh Deontais ó Vóta 36.

Clár 3. Síocháin agus Slándáil Idirnáisiúnta

Díríonn Clár 3 ar ghealltanais an Rialtais a chomhlíonadh d'oibríochtaí tacaíochta síochána, bainistíochta géarchéime agus faoisimh dhaonnúil thar lear. Is iad na príomh-aschuir don chlár seo ná misin thar lear faoi shainordú na NA (d'fhéadfadh iad seo bheith faoi threoir na NA, an AE nó NATO/CasnS) i dteannta le misin ESCE. Leanann Óglaigh na hÉireann orthu ag forbairt agus ag coimeád chumais an airm agus iad imscartha thar lear, trí thaithí oibriúcháin. Is í an éifeacht a bhíonn ag na himscarthaí seo ná go méadaíonn siad eolas agus taithí chorparáideach eagraíochta maidir leis an gcleachtas is fearr don arm agus cuireann siad go mór le cumas airm iomlán Óglaigh na hÉireann. Bítear ag súil go n-imscarfar comhaltaí pearsanra ar oibríochtaí slándála idirnáisiúnta ar an meán gach 3 bliana.

Clár 4. Beartas Cosanta agus Comhairle Mhíleata

Leagann Clár 4 seo amach na costais a bhaineann le comhairle beartais agus mhíleata a cheapadh agus áiríonn siad na feidhmeanna tacaíochta corparáidí don Eagraíocht Chosanta. Áiríonn sé freisin an tacaíocht a sholáthraíonn an Oifig um Pleanáil Éigeandála do Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála. Ní hamháin go gcuireann an clár seo le cumas a fhorbairt agus a choimeád ach freisin tá sé nasctha go díreach le beartas Cosanta agus Cuspóirí Straitéiseacha Cosanta a cheapadh. Freisin tá na Deontais i gCúnamh do Chumann Croise Deirge na hÉireann agus Coiste an Asgard cuimsithe sa chlár seo.

Clár 5. Pinsin agus Aiscí Airm

Leagann an clár seo amach costais na bpinsean, aiscí agus sochar analógach éagsúil eile a íoctar ó Vóta 37.

2. Buiséad Iomlán don Roinn

Tá an Buiséad iomlán le haghaidh Cosanta soláthraithe sa Vóta Cosanta (Vóta 36) agus Vóta Phinsin an Airm (Vóta 37).

Soláthraíonn Vóta 36 do phá agus liúntais Oifig an Aire, an státseirbhís agus comhaltaí pearsanra míleata, trealamh agus bonneagar míleata agus speansais eile. Cuimsíonn an Vóta freisin cúnaimh deontais don Bhord Cosanta Sibhialta, Cumann Croise Deirge na hÉireann agus Coiste an Asgard.

Soláthraíonn Vóta 37 do phinsin agus aiscí scoir comhaltaí pearsanra míleata scortha agus d'focaíochtaí analógacha eile.



Vóta 36-Cosaint

	2008 Meastachán €m	2008 Táirgeacht, €m	2009 Meastachán €m	% Athrú ar Tháirgeacht
Glanchaiteachas Vótáilte	875.1	862.4	786.3	-8.8%
Leithreasáí i gCabhair	13.0	14.5	36.31	150.3
Ollchaiteachas Vótáilte	888.1	876.9	822.6	-6.2%
Géilleadh Siarchurtha	3.0	3.0	3.0	0%
Ollchaiteachas Iomlán	891.1	879.9	825.6	-6.2
as sin – Pá Státchiste	597.7	590.6	584.86	-1.0
Líon Fostaithe Seirbhíse Poiblí	11,815	11,652	11,482	

Vóta 37-Pinsin Airm

	2008 Meastachán €m	2008 Táirgeacht, €m	2009 Meastachán €m	% Athrú ar Tháirgeacht
Glanchaiteachas Vótáilte	183.8	196.7	202.0	2.7%
Leithreasáí i gCabhair	6.8	7.0	7.0	0%
Ollchaiteachas Vótáilte	190.6	203.7	209.0	2.6%
Ollchaiteachas Iomlán	190.6	203.7	209.0	2.6%
as sin – Pá & Pinsin Státchiste	190.5	203.6	208.9	2.6%
Líon Fostaithe Seirbhíse Poiblí agus Pinsinéirí	11,671	11,671	11,640	

¹ Cuimsíonn sé tobhach pinsin €22 milliún

Miondealú ar ollchaiteachas iomlán ag 2 thuas de réir Cláir

Tá an t-ollchaiteachas iomlán atá leagtha amach ag 2 thuas miondealaithe ar fud na réimsí Cláir atá liostaithe thíos. Réitíonn iad siúd leis na Cláir atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2008-2010.



Vóta 36 -Cosaint

Ollchaiteachas Cláir	€ Milliún 2008 Meastachán	€ Milliún 2008 Táirgeacht	€ Milliún 2009 Meastachán	% Athrú ar Tháirgeacht
Clár 1 Cumais Theagmhasacha	508.7	510.9	484.8	-5.1%
Clár 2 Slándáil ar an Oileán agus Tacaíocht do Ghníomhaireachtaí Eile	141.3	142.0	138.9	-2.2%
Clár 3 Síocháin agus Slándáil Idirnáisiúnta	188.7	176.7	161.6	-8.5%
Clár 4 Beartas Cosanta agus Comhairle Mhíleata ¹	52.4	50.3	40.3	-19.9%
Glanchaiteachas Iomlán Cláir	891.1	879.9	825.6	-6.2%

Vóta 37-Pinsin an Airm

Glanchaiteachas Cláir	€ Milliún 2008 Meastachán	€ Million 2008 Táirgeacht	€ Milliún 2009 Meastachán	% Athrú ar Tháirgeacht
Clár 5 Pinsin agus Aiscí Míleata	190.6	203.7	209.0	2.6%
Glanchaiteachas Iomlán an Chláir	190.6	203.7	209.0	2.6%

¹ Cuimsíonn táirgeacht agus meastachán 2008 costais tacaíochta corparáidí i gclár 4. Ó 2009 déantar na costais sin a chionroinnt ar fud gach cláir.



Cleachtas Réidhe Misin um Imscaradh Thar Lear



Aguisín 1

Bunús Reachtúil, Struchtúr Eagraíochta agus Rialacha





Aguisín 1: Bunús Reachtúil, Struchtúr Eagraíochta agus Rialacha

RÉAMHRÁ

Cuireann an t-aguisín seo síos ar an gcreat reachtúil agus eagraíochta a n-oibríonn an Roinn Cosanta agus Óglaigh na hÉireann laistigh de.

An Creat reachtúil

Dílsíonn Bunreacht na hÉireann an ceart fórsaí airm nó armtha a thógáil agus a choimeád san Oireachtas amháin agus cuireann sé cosc soiléir ar aon fhórsa airm nó armtha eile a thógáil nó a choimeád ar aon chúis eile ar bith.

Bhunaigh an tAcht Airí agus Rúnaithe, 1924 an Roinn Cosanta agus sannann an tAcht don Roinn **“fórsaí cosanta míleata a thógáil, a thraenáil, a eagrú, a chothabháil, a threallmhú, a bhainistiú, a smachtú, a rialú agus a stiúradh de réir dlí na bhfórsaí cosanta míleata”**.

Forálann an tAcht gurb é/í an tAire ‘Ceann’ na Roinne. Cuidíonn gnéithe sibhialta agus míleata na Roinne leis an Aire agus é ag comhlíonadh a chuid dualgas. Is é/í an Rúnaí “príomhoifigeach” na Roinne agus ceapann an tAire Airgeadais é/í freisin mar an Oifigeach Cuntasaíochta don chaiteachas ar fad ar chosaint de réir an Acht Stáitchiste agus Rannóg Iniúchta 1866. Léirítear údarás, freagracht agus freagrúlacht an Ard-Rúnaí níos mó san Acht Ard-Reachtair Cistí agus Cuntas (Leasú), 1993 agus san Acht Seirbhíse Poiblí (Bainistíocht), 1997. Iarrann Acht 1997 freisin ar an Ard-Rúnaí Ráiteas Straitéise a ullmhú le ceadú ag an Aire agus tuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú.

Soláthraíonn na hAchtanna Cosanta 1954 go 2007 an bunús reachtúil d’Óglaigh na hÉireann. Forálann an reachtaíocht gurb é Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann (CCÓÉ) gné airm na Roinne Cosanta. Tá an Ceann Foirne ar Óglaigh na hÉireann ina cheann ar CCÓÉ. Tá an Ceann Foirne freagrúlach go díreach don Aire as na dualgais seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear freagracht as éifeachtacht airm, éifeachtúlacht, eagraíocht agus eacnamaíocht Óglaigh na hÉireann. Mar a fhoráiltear dó san Acht agus le cead an Airm, tharmlig an Ceann Foirne faoi seach, freagracht as dualgais áirithe don Leas-Cheann Foirne (Oibríochtaí) agus don Leas-Cheann Foirne (Tacaíocht).

Freisin forálann an tAcht do tharmligean ordú an airm ag an Aire do na Ginearáloifigigh i gCeannas ar na Briogáidí, Ionad Traenála Óglaigh na hÉireann, an tSeirbhís Chabhlaigh agus an tAerchór. I gcleachtas, is gnách go gcuirtear ceisteanna maidir le hordú faoi bhráid an Cheann Foirne. Go héifeachtach, ciallaíonn sé seo go bhfuil an Ceann freagrach as rialú feidhmiúcháin Óglaigh na hÉireann ó lá go chéile agus tá sé freagrach go díreach don Aire as.

An Páipéar Bán ar Chosaint 2000

D’fhaomh an Rialtas an Páipéar Bán agus foilsíodh é i bhFeabhra 2000. Pléann sé gach gné de sholáthar agus eagraíocht cosanta agus leagann sé amach an beartas don tréimhse go 2010. Féachann sé chuig leibhéal inniúlachtaí cosanta atá cuí don timpeallacht chosanta agus slándála atá i réim sa bhaile agus thar lear a chinntiú. Leagann sé béim ar an ngá le fórsa cosanta atá eagraithe go coinbhinsiúnach agus a bhfuil sé ar a chumas na ról a leagann amach an Rialtas a chomhlíonadh.

Tá ról Óglaigh na hÉireann leagtha amach sa Pháipéar Bán:

an Stát a chosaint i gcoinne forántactha armtha; teagmhas atá anseo, beidh réitigh dá chur i bhfeidhm ag brath ar mheasúnú leanúnach ag an Rialtas ar an timpeallacht slándála agus cosanta;

cabhrú leis an gcumhacht sibhialta (ciallaíonn sé seo i gcleachtas, cabhrú, nuair a iarrtar leis an nGarda Síochána a bhfuil freagracht orthu go príomha as dlí agus ord, lena n-áirítear slándáil inmheánach an Stáit a chosaint);

páirt a ghlacadh in oibríochtaí ilnáisiúnta tacaíochta síochána, bainistíochta géarchéime agus faoisimh dhaonnúil mar thacaíocht do na Náisiúin Aontaithe agus faoi mhandáid na NA, lena n-áirítear misin slándála réigiúnaí a údaraíonn na NA;

seirbhís cosanta iascach a sholáthar de réir oibleagáidí an Stáit mar bhall den AE; agus,



na dualgais eile a d'fhéadfaí a shannadh orthu ó am go chéile a chomhlíonadh, m.sh. cuardach agus tarrtháil, seirbhís otharchairr aeir, seirbhís iompar aeir an Aire, cúnamh i gcás tubaistí nádúrtha nó tubaistí eile, cúnamh maidir le seirbhísí riachtanacha a choimeád, cúnamh maidir le dul i gcoinne truailliú ola san fharraige.

Foilsíodh athbhreithniú ar dhul chun cinn maidir le moltaí an Pháipéir Bháin a chur i bhfeidhm, a rinneadh ag Grúpa sibhialta/míleata, in Aibreán 2007. Leanfaimid orainn ag cur i bhfeidhm an Pháipéir Bháin agus féachfaimid chuig moltaí an Athbhreithnithe ar an bPáipéar Bán (Aibreán 2007) a chur i bhfeidhm.

Struchtúir Eagraíochta

AN ROINN COSANTA

Tá gnéithe sibhialta agus airm ag baint leis an Roinn Cosanta agus 680 gcomhalta pearsanra san iomlán aici. As an líon seo státseirbhísigh atá i 385 acu (coibhéisigh lánaimseartha) agus comhaltaí pearsanra airm atá i 295 acu. Déanann pearsanra an airm suas Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann. Ina theannta, tá 820 fostaí sibhialta fostaíthe trí hÓglaigh na hÉireann. Soláthraíonn na fostaíthe sibhialta seo réimse seirbhísí oibriúcháin ghinearálta, trád agus seirbhísí eile i bhfearais airm.

Is é príomhról na Roinne ná tacú leis an Aire mar an gCeann Roinne, go háirithe trí chomhairle agus tacaíocht beartais a sholáthar maidir le cúrsaí Cosanta. Áiríonn sé seo cabhrú le beartas a cheapadh agus a chur i bhfeidhm de réir mar a threoraíonn an tAire. Is é/í an tArd-Rúnaí príomhchomhairleoir an Aire ar bheartas cosanta agus is é/í an Ceann Foirne príomhchomhairleoir airm an Aire.

ÓGLAIGH NA HÉIREANN

Tá Óglaigh na hÉireann eagraithe de réir choinbhinsiúin an airm ag soláthar struchtúir atá solúbtha go leor leis na róil ar fad a shann an Rialtas a chomhlíonadh. In Óglaigh na hÉireann tá na Buan-Óglaigh (PDF) agus na hÓglaigh Chúltaca (RDF). Fórsa seasta atá sa chéad cheann agus soláthraíonn sé na príomhchumais

d'oibríochtaí airm sa bhaile agus d'oibríochtaí tacaíochta síochána an airm thar lear. Soláthraíonn na hÓglaigh Chultaca an cumas míleata coinbhinsiúnach atá riachtanach leis na Buan-Óglaigh a fhadú agus cabhrú leis, áit a bhfuil gá leis.

Na Buan-Óglaigh

Sna Buan-Óglaigh tá an tArm, an tAerchór agus an tSeirbhís Chabhlaigh. Is é líon foirne údaraithe na mBuan-Óglach ná 10,500

An tArm

Tá an tArm struchtúrtha i dtrí bhriogáid arm-uilig, ina bhfuil gnéithe comhraic, tacaíochta comhraic agus tacaíochta seirbhíse comhraic. Sanntar réimse freagrachta críche le hionaid shonracha garastúin do gach briogáid.

Tacaíonn Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann (ATÓÉ) agus Bonn Loighistice Óglaigh na hÉireann sa Churrach, Co. Chill Dara leis na feidhmeanna traenála agus loighistice do na Buan-Óglaigh agus do na hÓglaigh Chúltaca.

An tAerchór

San Aerchór atá suite in Aeradróm Mhic Easmuinn, Baile Dhónaill, Co. Bhaile Átha Cliath tá ceanncheathrú feidhmiúcháin, dhá sciathán oibríochta, dhá sciathán tacaíochta, Coláiste Traenála an Aerchóir, agus Scuadrún Seirbhísí Cumarsáide agus Eolais. Sa sciathán feidhmiúcháin tá scuadrún traenála/ionsaí éadroim, scuadrúin héileacaptar, scuadrún mara, scuadrún iompair agus scuadrún réamhchuarite sciatháin sheasta. Leagtar cúram ar an sciathán tacaíochta as coimeád speisialta an fhliú aerárthach agus as tacaíocht riaracháin agus loighistice don Aerchór.



An tSeirbhís Cabhlaigh

Tá cabhlachán d'ocht long, ceanncheathrú oibriúcháin, ceannas oibríochtaí, ceannas tacaíochta loighistice agus Coláiste Seirbhíse Cabhlaigh ag an tSeirbhís Cabhlaigh atá lonnaithe in Inis Sionnach, Co. Chorcaí. Tá an cabhlachán comhdhéanta de scuadrún árthaigh patróil héileacaptair, scuadrún árthaigh patróil amach ón gcósta agus scuadrún árthaigh phatróil chósta. Tá an ceannas tacaíochta freagrach as gach feidhm loighistice, innealtóireachta agus cothabhála.

Na hÓglaigh Chúltaca

Faoi láthair tá na hÓglaigh Chúltaca (RDF) ag dul faoi Chéim 2 den Phlean Forfheidhmithe faoin Athbhreithniú ar na hÓglaigh Chúltaca (RDFRIP). Críochnaíodh Céim 1 i 2005 nuair a rinneadh aonaid RDF a chomhchuíbhiú agus a mhalgamú chun an struchtúr nua a éascú. Tá an RDF comhdhéanta den Chúltaca Céad Líne, Chúltaca an Airm agus de Chúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh:

An Cúltaca Céad Líne

Tá an Cúltaca Céad Líne comhdhéanta d'iarchoimhaltaí Óglaigh na hÉireann.

Cúltaca an Airm

Tá Cúltaca an Airm eagraithe ina thrí bhriogáid, ag déanamh aithrise ar struchtúr an PDF.

Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh

Tá Cúltaca na Seirbhíse Cabhlaigh roinnte ina dhá ghrúpa a dtugtar Grúpa an Oirthir agus Grúpa an Deiscirt orthu. Tá gach grúpa comhdhéanta de dhá chomplacht: Baile Átha Cliath agus Port Láirge i nGrúpa an Oirthir agus Luimneach i nGrúpa an Deiscirt.



MOWAG - Feithicil Athiontrála Iolraí (FAI)



MOWAG - Athraithigh FAI agus Cianfhéachaint Comhordondáidí (CFC)

